

Cuntas Leithreasa 2022

Vóta 37

Coimirce Shóisialach

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 37, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 ar thuarastail agus costais Oifig an Aire Coimirce Sóisialaí, ar sheirbhísí áirithe a riar an Oifig sin, ar íocaíochtaí leis an gCiste Árachais Shóisialaigh (CÁS) agus ar dheontais áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

- arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2022, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain agus
- arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí soláthair chaipitiúil in 2022, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2021, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004, maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlítear barrachas €150.3 milliún a ghéilleadh don Stáitchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Seirbhísí gníomhaireachta a sholáthar

Leanann an Roinn de bheith ag gníomhú mar ghníomhaire íoca de chuid na Roinne Airgeadais chun dliteanais cheadaithe íocaíochtaí cnapshuime phinsinéirí Chriostal Phort Láirge agus íocaíochtaí pinsin leanúnacha Chriostal Phort Láirge a dhéanamh, faoi alt 48B d'Acht na bPinsean, 1990, arna chur isteach le halt 4 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Uimh. 2), 2014. Tarraingíonn an Roinn maoiniú anuas ó Phríomh-Chiste an Stáitchiste agus aistrítear é chuig an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, atá ag próiseáil na n-íocaíochtaí pinsin aonair ó mhí Dheireadh Fómhair 2017. Tuairiscíonn an Roinn Airgeadais na suimeanna a íoctar sna Cuntais Airgeadais.

Le linn 2022, ghníomhaigh an Roinn mar ghníomhaire íoca don Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) maidir leis an íocaíocht Aitheantais Cóiríochta (ÍAC). Foráiltear leis an Acht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2022, go maoinítear na híocaíochtaí sin ón Vóta do Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige agus go dtugtar cuntas orthu sa chuntas leithreasa don Vóta sin.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i gclárán 22 de 2022, chun feidhme agus an cuntas a ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

Ró-íocaíochtaí a aisghabháil

Cuirtear aisghabháil fiachais i dtaca le ró-íocaíochtaí scéime ginearálta/tacaíochta ioncaim i gcuntas mar a leanas.

- Cuirtear aisghabhálacha airgid thirim agus asbhainte i gcuntas ar an dáta a dhéantar iad a mheaitseáil i gcoinne an tsealbhóra ábhartha fiachais. Coimeádtar suimeanna neamh-mheaitseáilte aisghabhála ar fionraí agus cuirtear i gcuntas iad mar ioncam, agus laghdú comhfhreagrach á dhéanamh ar fhiachas nuair a aithnítear iad. Mar gheall gurb é Vóta 37 an príomhfhaighteoir fáltas ró-íocaíochtaí, coimeádtar fáltais neamh-mheaitseáilte i gcuntas fionraí Vóta 37 ar feitheamh réitigh agus cuirtear iad i gcuntas i Vóta 37 nó sa Chiste Árachais Shóisialaigh (CÁS), de réir mar is cuí.
- Caitear le haisghabhálacha airgid thirim agus asbhainte i dtaca le blianta cuntasáochta roimhe seo mar ioncam don bhliain reatha chuntasaíochta. Déantar aisghabhálacha airgid thirim agus asbhainte i dtaca leis an mbliain reatha chuntasaíochta a ghlanluacháil i gcoinne an chaiteachais don bhliain reatha chuntasaíochta.

Íocaíochtaí a aithint

Is ionann íocaíochtaí agus na suimeanna a tháinig i gcúrsa a n-íochta i rith na bliana. Meastar go dtagann suimeanna i gcúrsa a n-íochta sa chás gur tabhaíodh an dliteanas, go bhfuil an íocaíocht dlite agus gur cuireadh an treoir don íocaíocht (seic nó ríomhaistriú airgid) i bhfeidhm ar an gcóras ábhartha íocaíochta. Aithnítear íocaíochtaí leasa airgid thirim a dhéantar tríd An Post nuair a íoctar amach iad. Sa chás go dtiteann an gnáthdháta íocaíochta ar lá saoire bainc, d'fhéadfadh gur ghá íocaíochtaí a eisiúint go luath. Ag deireadh na bliana, is gnách gur mar réamhíocaíochtaí a aithnítear íocaíochtaí a eisítear go luath trí chistí leictreonacha a aistríonn bainc nó luathchasad ag custaiméirí in oifigí poist, a thagraíonn don bhliain ina dhiaidh sin. Faoi shocruithe nua bainc éireachta a cuireadh i bhfeidhm le linn 2020, eisíonn an Roinn cistí don bhanc lá amháin roimh íocaíochtaí custaiméirí. Leanadh leis an bpróiseas seo in 2022 agus cuirtear na híocaíochtaí maoinithe sin ar áireamh freisin i réamhíocaíochtaí scéime.

Dímheas

Gearrtar dímheas a ríomhtar go bliantúil go hiomlán i mbliain na fála/an choimisiúin. Ní ghearrtar aon dímheas i mbliain na diúscartha.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'óibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an fhreagracht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ann chun comhairle a chur orm agus mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais á gcomhlíonadh agam.
- Rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Sócmhainní caipitíl a rialú

Leanadh in 2022 le plean ilbhliana chun aghaidh a thabhairt ar shainaithint sócmhainní, lena n-áirítear díscríobh agus aistrithe, clibeáil sócmhainní agus fardail thréimhsiúla, rud ar tosaíodh ar a gcur chun feidhme in 2019.

Mar thoradh ar athbhreithniú na Roinne ar na cláir sócmhainní le linn 2022, sainathnódh sócmhainní bogearraí TF ar an gclár a bhí as feidhm, roinnt sócmhainní crua-earraí TF a cuireadh ina n-ionad agus sócmhainní troscáin agus feisteas a bhí as feidhm. Díscríobhadh thart ar €96 mhilliún de shócmhainní in 2022. Bhí glanluach leabhar na sócmhainní sin nialasach ag an 31 Nollaig 2022. Leanfar le glanadh leanúnach sonraí an chlár sócmhainní lena chinntiú gur féidir sócmhainní a rianú ón gclár sócmhainní ar ais go fardal fisiciúil nó a chomhionann.

Tháirg an Roinn clibeanna le haghaidh sócmhainní a fuarthas in 2014 agus cheangail sí iad le sócmhainní ábhartha i Ráithe 2 2023. Is diomaibhseach atá glanluach leabhar na sócmhainní atá fós le clibeáil.

Réitigh fiachais

Cumasaítear le córas cuntasaíochta fiachais agus fáltas (CCFF) na Roinne fiachas a thaifeadadh agus a bhreacadh go huathoibríoch a aisghabhadh ina cuid Aonad Aisghabhála Fiachais, oifigí INTREO agus cuntas bainc fála agus trí asbhaint a dhéanamh ó íocaíochtaí na Roinne le custaiméirí.

Suimeanna neamh-mheaitseáilte

Uaireanta, déanann custaiméirí ró-íochta aisíocaíochtaí gan dóthain mionsonraí a thabhairt chun na haisíocaíochtaí a nascadh lena bhfiachas atá amuigh. Mar thoradh air sin, i gcásanna áirithe, tá srian ar an Roinn na suimeanna sin a shainaithint agus a mheaitseáil leis an gcustaiméir. D'fhéadfaí a áireamh le suimeanna neamh-mheaitseáilte freisin fáltais ar mó iad ná an fiachas atá taifeadta cheana ar an gcóras nó iarmhéideanna atá le haisíoc le custaiméirí a ró-íoc a bhfiachas. Sa bhliain 2022, próiseáladh le CCFF breis agus €52.4 milliún (2021: €52.1 milliún) d'aisghabhálacha airgid thirim de dheasca ró-íocaíochtaí custaiméirí, gan asbhaintí a áireamh. Amhail an 31 Nollaig 2022, is é €4.2 milliún an tsuim iomlán atá taifeadta ar chóras cuntasíochta na Roinne d'fháltais airgid ró-íocaíochta neamh-mheaitseáilte (2021: €3.8 milliún).

Tá tús curtha le próisis nua chun an oidhreacht neamh-mheaitseáilte agus na fáltais ró-íocaíochta amach anseo a thabhairt chun cuntais ar bhonn buan.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú tráthrialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmलगin agus cuntasachta agus, go háirithe:

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú leanúnach
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le feidhmíocht thuartha
- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil na treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus na disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann
- go gcinntíonn an Roinn go bhfuil díriú cuí ann ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.

Iniúcháireacht inmheánach agus an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Deimhním go bhfuil feidhm iniúcháireachta inmheánaí ag an Roinn, rud ag a bhfuil pearsanra ar ar cuireadh an oiliúint chuif agus a oibríonn i gcomhréir le cairt scríofa a d'fhaomh mé. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu bonn eolais faoina cuid oibre, agus bíonn a pleananna bliantúla iniúcháireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúcháireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuarascálacha na feidhme iniúcháireachta inmheánaí.

Soláthar

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go bhfuil díriú cuí ann ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.

Tá mionsonraí maidir le 95 chonradh neamhiomaíochta curtha ar fáil ag an Roinn sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Chomhlíon an Roinn na treoirínte cé is moite de 87 gconradh (ar mhó a luach ná €25,000) dar luach iomlán €48,888,580 (gan CBL a áireamh) in 2022, mar atá leagtha amach thíos:

- Chun leanúint ar aghaidh le seirbhísí gníomhachtaithe fostaíochta chuig an Roinn a éascú, rinneadh dhá shíneadh conartha le caiteachas iomlán €20,065,177. Cuireadh cleachtadh soláthair i gcrích do Sheirbhísí Náisiúnta Fostaíochta Chomhpháirtithe Intreo agus tá conarthaí nua i bhfeidhm ó mhí Dheireadh Fómhair 2022.
- Rinneadh cúig chonradh is fiche le soláthraithe seirbhíse, le caiteachas iomlán €14,678,016 in 2022, chun seirbhísí fostaíochta áitiúla a sholáthar ar fud an Stáit. Cuireadh cleachtadh soláthair i gcrích don tSeirbhís Fostaíochta Ceantair Áitiúil nua do Chomhpháirtithe Intreo. Tá gach conradh nua i bhfeidhm anois ó mhí Lúnasa 2022.
- Bhí 23 chonradh ann le soláthraithe seirbhíse, le caiteachas iomlán €8,323,325 in 2022, chun an tSeirbhís Infhostaitheachta a sholáthar ar fud an Stáit. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an Roinn ar an gcaoi ar cheart seirbhísí den sórt sin a sholáthar agus a sheachadadh ar bhonn leanúnach de réir nósanna imeachta soláthair phoiblí. Tá cleachtadh soláthair á mheasúnú do na seirbhísí sin agus táthar ag súil go n-eiseofar an iarraidh ar thairiscintí in 2023.
- Bhí 32 chonradh ann le soláthraithe seirbhíse, le caiteachas iomlán €2,594,602 in 2022, chun seirbhís na gClubanna Post a sholáthar ar fud an Stáit. Cuireadh cleachtadh soláthair i gcrích don tSeirbhís Fostaíochta Ceantair Áitiúil nua do Chomhpháirtithe Intreo. Tá gach conradh nua i bhfeidhm anois ó mhí Lúnasa 2022.
- Agus í ag fanacht le creat ateangaireachta de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais (OGP) a bheith ar fáil, rinne an Roinn iarraidh ar luachaintí agus rinne sí conradh. Ó mhí an Mhárta 2022 ar aghaidh, bhí éileamh gan fasach ar ateangairí Úcránacha as ar tháinig caiteachas €2,687,964. Cuireadh creat OGP ar fáil i mí na Nollag 2022 agus chuir an Roinn tús le conradh ateangaireachta nua i mí Feabhra 2023.
- I mí na Samhna 2022, chuir OGP in iúl don Roinn nach raibh aon chreat don soláthar leictreachais ar fáil don Roinn agus go raibh an conradh reatha imithe in éag. Mar gheall ar an riachtanas práinneach chun oibríochtaí gnó a chothabháil, d'ordaigh OGP don Roinn conradh a dhéanamh leis an soláthraí reatha. Mar thoradh air sin, tabhaíodh €408,403 in 2022.
- Chun freastal ar an éileamh agus chun comhoiriúnacht a chinntiú, ceannaíodh stáisiúin nasctha chun ríomhairí glúine a ceannaíodh faoi chonradh a bronnadh in 2020 a mheaitseáil. In 2022, tabhaíodh caiteachas €72,370.
- Ar fhorais phráinne, dámhadh conradh in 2021 gan comórtas soláthair chun cosaint na Roinne ar an gcibearchoireacht a fheabhsú tuilleadh. Measadh gur ghá síneadh ama a chur leis an tseirbhís in 2022 mar mhodhnú conartha agus í ag fanacht go dtabharfaí faoi phróiseas soláthair oscailte. Tabhaíodh caiteachas €31,337 in 2022.
- Dámhadh conradh amháin d'oiliúint TFC in 2022 tar éis iarraidh ar luachaintí. Sáraíodh an tairseach soláthair €25,000 gan chuimhneamh agus tabhaíodh caiteachas €27,386. Dámhadh conradh nua i Ráithe 3 2022 tar éis próiseas soláthair oscailte.

Cuireadh na conarthaí thuas san áireamh sa tuairisceán bliantúil faoi 40/2002 do 2022 dá dtagraítear faoin soláthar thuas.

Ina theannta sin, tabhaíodh caiteachas €870,217 in 2022 ar thrí chonradh a bhí liostaithe ar an tuairisceán bliantúil faoi 40/2002 do 2020 agus do 2021 agus a measadh a bheith neamhchomhlíontach.

- Thabhaigh conradh aistriúcháin a bhí liostaithe ar an tuairisceán faoi 40/02 do 2022 caiteachas €310,596 in 2022. Bhí agóid dhlíthiúil ann maidir le hiarraidh ar thairiscintí a d'eisigh an Roinn agus, chun leanúnachas gnó a chinntiú, bhí gá ann leis an gconradh seo a choinneáil i bhfeidhm. Dámhadh conradh nua an 1 Eanáir 2023.
- Cuireadh síneadh go mí Iúil 2023 le conradh amháin a bhí liostaithe ar an tuairisceán faoi 40/02 do 2021 don soláthar clár oideachais d'fhoireann na Roinne ag Coláiste Náisiúnta na hÉireann chun seachadadh na sraithe reatha de chlár oideachais chreidiúnaithe a éascú go dtí go rachadh dámhachtainí Dhearbhu Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann in éag i mí na Samhna 2023. Tabhaíodh caiteachas €317,492 in 2022. Dámhadh conradh nua i mí na Nollag 2022.
- Chuir OGP in iúl don Roinn an 26 Iúil 2021 go dtiocfadh conradh nua do thomhaltáin TFC i bhfeidhm an 1 Lúnasa 2021. Bhí deacrachtaí ag an soláthraí nua roinnt táirgí a aimsiú ar dtús agus níor thug an tréimhse ama don chreat nua dóthain ama chun nósanna imeachta oibríochtúla nua a chur ar bun do bhaill foirne a bhí ag ordú earraí ó áiteanna éagsúla. Ba ghá leanúint ar aghaidh leis an soláthraí roimhe seo go dtí go réiteofaí na saincheisteanna. Mar thoradh air sin, tabhaíodh caiteachas €242,129 suas go R3 2022.

Creat riosca agus rialaithe

Chuir an Roinn córas bainistíochta riosca chun feidhme ina sainaitheann agus ina dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina sainaitheann na príomhrioscaí atá roimh an Roinn agus rinneadh iad seo a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú i dtaobh a thábhachtaí atá siad. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus an réimse gnó atá freagrach as na gníomhartha riosca.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, nuair is iomchuí. Deimhním gur sainaitheann príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais maidir le 2022 ar gá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Saincheisteanna rialaithe Covid-19

Rinneadh measúnuithe ar thionchar Covid-19, leis na torthaí seo a leanas.

B'ionann caiteachas iomlán tacaíochta Covid-19 le linn 2022 agus €1 billiún, rud a bhí roinnte idir Vóta 37 (€840 milliún) agus CÁS (€198 milliún). Maoiníodh fócaíochtaí na Scéime Fóirdheontais Shealadaigh Pá (SFSP) agus na Scéime Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPF) le Vóta 37 agus mhaoinigh CÁS caiteachas na hÍocaíochta Dífhostaíochta Paidéime do 2022.

Gearradh fócaíochtaí dar luach iomlán €840 milliún ar Vóta 37 do 2022 – €839 milliún i ndáil le SFPF agus €638,000 i ndáil le SFSP.

Riar na Coimisinéirí Ioncaim SFSP agus SFPF araon thar ceann na Roinne. Bíom ag brath ar litreacha dearbhuithe a fhaightear ó Chathaoirleach na gCoimisinéirí Ioncaim á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí maidir leis an riarachán agus na hÍocaíochtaí a dhéantar faoin dá scéim.

Mar gheall ar shrianta sláinte poiblí in 2020 agus in 2021, bhí gá le hath-implonnú forleathan foirne laistigh den Roinn agus srianta ar ghluaiseacht phearsanta agus ar idirghníomhaíochtaí pearsanta agus bhí tionchar neamhghnách acu ar an margadh saothair, rud a d'fhág go raibh méadú gan fasach ar an dífhostaíocht agus éileamh gaolmhar ar thacaí ioncaim ón Roinn. Sa chomhthéacs sin, b'éigean cuid de na gnáthbhearta rialaithe a d'oibreodh i dtimpeallacht chaighdeánach (mar shampla, cuardaitheoirí poist a ghlaoch chun agallaimh in Ionaid Intreo) a chiorrú nó a chur ar fionraí. Bhí na bearta a rinneadh cuí agus comhréireach chun cloí leis na srianta sláinte poiblí agus chun a chinntiú go bhféadfadh an Roinn acmhainní foirne a imscaradh chuig na cúraimí tosaíochta maidir le héilimh a bhaineann le Covid-19 a phróiseáil, a íoc agus a chothabháil.

Leanadh le bearta rialaithe a athbhunú nó baineadh úsáid as modhanna malartacha a mhéid is féidir in 2022 toisc gur laghdáíodh an gá le hacmhainní foirne a imscaradh chuig na cúraimí tosaíochta maidir le héilimh a bhaineann le Covid-19 a phróiseáil, a íoc agus a chothabháil. I gcomhréir le deireadh a chur leis na srianta sláinte poiblí i mí Eanáir 2022, cuireadh tús arís le teagmháil phearsanta le custaiméirí, cibé acu trí agallaimh dheisce nó trí chuairteanna ar an láthair. Rinneadh 549,000 athbhreithniú cáis san iomlán in 2022, cothrom le méadú 127,000 ceann (nó 30%), beagnach, ar an bhfigiúr do 2021.

John McKeon

Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Coimirce Sóisialaí

24 Iúil 2023

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 37 Coimirce Shóisialach

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 37 Coimirce Shóisialach don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 37 Coimirce Shóisialach don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht arna fhógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam leis an Roinn Coimirce Sóisialaí agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu faoi eisceacht.

Áirítear i mo thuarascáil ar chuntais na seirbhísí poiblí don bhliain 2022 roinnt caibidlí a dhéileálann le hábhair a bhaineann le Vóta 37 Coimirce Sóisialaí.

Rialacht íocaíochtaí leasa shóisialaigh

I gCaibidil 13, tagraítear d'íocaíochtaí leasa atá de bhreis ar theidlíocht faoi scéimeanna arna n-oibriú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí. Measaim an leibhéal measta íocaíochtaí neamhrialta leasa a bheith ábhartha do Vóta 37, mar atá mínithe sa chaibidil.

Íocaíocht ex-gratia le bainisteoirí brainse

Scrúdaítear i gCaibidil 14 íocaíocht ex-gratia €1.4 milliún a rinneadh le bainisteoirí ar oifigí brainse leasa shóisialaigh.

Ró-íocaíochtaí leasa shóisialaigh

Scrúdaítear i gCaibidlí 15 agus 16 na próisis atá ar bun ag an Roinn Coimirce Sóisialaí chun ró-íocaíochtaí leasa shóisialaigh a shainaithint agus chun na fiachais ghaolmhara ró-íocaíochta a bhailiú.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais nár comhlíonadh na rialacha soláthair i gcásanna ábhartha i leith conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2022.

Seamus MacCárthaigh

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

27 Iúil 2023

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach tá an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinnim sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna cuntas leithreasa, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithe míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.

- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnamh shuntasacha i rialú inmheánach a shainithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fóras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúcháireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 37 Coimirce Shóisialach

Cuntas Leithreasa 2022

		2022		2021
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
Scéimeanna cúnaimh shóisialaigh, seirbhísí, riarachán agus focaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh				
Riarachán				
	<i>Bunaidh</i>	598,593		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	1,200		
	<i>Forlíontach</i>	21,600		
			621,393	544,707
Pinsin	<i>Bunaidh</i>	1,072,683		
	<i>Forlíontach</i>	66,017		
			1,138,700	1,083,119
Aois oibre – tacaí ioncaim	<i>Bunaidh</i>	2,519,409		
	<i>Forlíontach</i>	62,989		
			2,582,398	2,354,248
Aois oibre – tacaí fostaíochta	<i>Bunaidh</i>	1,477,118		
	<i>Forlíontach</i>	(59,314)		
			1,417,804	5,171,571
Breuiteacht, míchumas agus cúramóirí	<i>Bunaidh</i>	3,401,693		
	<i>Forlíontach</i>	239,346		
			3,641,039	3,257,599
Leanaí	<i>Bunaidh</i>	2,555,098		
	<i>Forlíontach</i>	268,716		
			2,823,814	2,557,600
Íocaíochtaí forlíontacha, etc.	<i>Bunaidh</i>	549,124		
	<i>Forlíontach</i>	133,161		
			682,285	577,641
Fóirdheontas don Chiste Árachais Shóisialaigh			—	2,606,030

			2022	2021
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Ollchaiteachas				
	<i>Bunaidh</i>	12,173,718		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	1,200		
	<i>Forlíontach</i>	732,515		
			12,907,433	12,817,407
				18,152,515
<i>Lúide</i>				
Leithreasaí-i-gcabhair				
	<i>Bunaidh</i>	280,570		
	<i>Forlíontach</i>	10,515		
			291,085	352,730
				432,977
Glanchaiteachas				
	<i>Bunaidh</i>	11,893,148		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	1,200		
	<i>Forlíontach</i>	722,000		
			12,616,348	12,464,677
				17,719,538

Barrachas

Dlítear barrachas na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh a ghéilleadh don Státhchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar na leithreasaí neamhchaite go léir nó cuid díobh do sheirbhísí soláthair chaipitiúil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dár gcionn. Tugadh €1.39 milliún de leithdháiltí neamhchaite i ndáil leis na gnéithe caipitil d'fho-mhírchinn riaracháin (v) agus (vi) anonn go 2023.

	2022	2021
	€	€
Barrachas	151,670,632	144,880,093
Géilleadh iarchurtha	(1,390,000)	(1,200,000)
Barrachas le géilleadh	150,280,632	143,680,093

John McKeon

Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Coimirce Sóisialaí

24 Iúil 2023

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2022

	2022	2021
	€000	€000
Costas an chláir	12,221,302	17,607,808
Pá	329,354	310,417
Neamhphá	266,751	234,290
Ollchaiteachas	12,817,407	18,152,515
<i>Lúide</i>		
Leithreasaí-i-gcabhair	352,730	432,977
Glanchaiteachas	12,464,677	17,719,538
Athruithe ar shócmhainní caipitil		
Ceannacháin airgid thirim	(20,791)	
Dímheas	29,005	8,214
		10,787
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha		
Méadú ar fhabhruithe deiridh	804	
Laghdú ar fhardail	191	995
		(783)
Caiteachas díreach	12,473,886	17,729,542
Caiteachas a iompraíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	110,378	98,351
Measchíosanna ^a	14,198	14,386
Glanhostas an chláir	12,598,462	17,842,279

Nóta ^a Baineann measchíosanna le Vóta 37 agus leis an gCiste Árachais Shóisialaigh.

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara ná na suimeanna seo a leanas i dtaca le Vóta 37 a iompraíodh in áit eile ^a

		2022	2021
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim ^b	580	287
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	95,519	83,572
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	12,479	12,714
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	693	697
Vóta 20	An Garda Síochána	9	—
Vóta 43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	1,031	1,014
An Príomhchiste – pinsin na n-airí		67	67
		110,378	98,351

Nóta ^a Seachas Oifig na nOibreacha Poiblí, baineann sé seo le Vóta 37 agus leis an gCiste Árachais Shóisialaigh

^b Ní áirítear leis seo na costais a thabhaigh na Coimisinéirí Ioncaim ar scéimeanna Covid-19 a riar thar ceann na Roinne. Rinneadh oibriú na scéimeanna seo a chomhtháthú go hiomlán laistigh de chórais na gCoimisinéirí Ioncaim.

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2022

	Nóta	2022 €000	2021 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	130,388	138,653
Sócmhainní reatha			
Fardail	2.3	—	191
Réamhíocaíochtaí	2.4	64,134	60,580
Cuntas fionraí an Chiste Árachais Shóisialaigh ^a		—	229,970
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	208,002	218,388
Iomlán na sócmhainní reatha		272,136	509,129
Lúide dliteanais reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	171,536	385,384
Speansais fhabhraithe	2.6	61,084	56,726
Iarmhéideanna sochair eile	2.7	35,391	27,656
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.8	1,075	35,318
Iomlán na ndlíteanas reatha		269,086	505,084
Glansócmhainní reatha		3,050	4,045
Glansócmhainní		133,438	142,698
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.9	133,438	142,698

Nóta ^a Is ionann é seo agus airleacain ó Vóta 37 chuig cuntas fionraí fóirdheontais an Chiste Árachais Shóisialaigh (CÁS) nár caitheadh faoi dheireadh na bliana.

2.1 Sócmhainní caipitil

	Troscán agus feistis €000	Trealamh oifige €000	Sócmhainní atá á bhforbairt €000	Iomlán €000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2022 ^a	7,317	275,951	22,634	305,902
Coigeartú ^b	—	—	(51)	(51)
Breiseanna	—	1,964	18,827	20,791
Díscríobh ^c	(1,471)	(94,539)	—	(96,010)
Aistrithe	—	22,799	(22,799)	—
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2022 ^a	5,846	206,175	18,611	230,632
Dímheas carntha				
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2022	5,704	161,545	—	167,249
Dímheas don bhliain	544	28,461	—	29,005
Dímheas ar dhiúscairtí/díscríobh	(1,471)	(94,539)	—	(96,010)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2022	4,777	95,467	—	100,244
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2022	1,069	110,708	18,611	130,388
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	1,613	114,406	22,634	138,653

- Nóta
- ^a Áirítear leis seo sócmhainní áirithe a fuarthas roimh an 1 Eanáir 2021 ar chostas faoi bhun €10,000.
 - ^b Rinneadh coigeartuithe arbh fhiú €51,000 san iomlán iad ar Shócmhainní Caipitil atá á bhForbairt (SCF) toisc go ndearnadh rólua ar chaiteachas a tabhaíodh i mblianta roimhe sin maidir le tionscadail SCF.
 - ^c Mar thoradh ar chleachtadh aitheantais sócmhainní a rinneadh in 2022, baineadh sócmhainní scortha agus as feidhm den chlár. Toradh eile a bhí ar an gcleachtadh ba ea gur baineadh earraí aonair le luachanna faoi bhun €10,000 den chlár, de réir chiorclán 21/2020.

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2022	2021
	€000	€000
larmhéideanna airleacain An Post ^a	140,390	134,064
larmhéideanna ag an bPámháistir	(312,648)	(525,026)
Ginearálta (rótharraingt)		
larmhéid cuntais bainc tráchtála	722	5,578
	(171,536)	(385,384)

Nóta ^a Mar ghníomhaire íoca scéime, réamh-mhaoinítear An Post trí Vóta 37 agus trí CÁS chun dlíteanais chaiteachais na Roinne a íoc de réir mar a thagann siad chun bheith dlíte. Ag deireadh 2022, ba é €246.4 milliún an t-iarmhéid comhcheangailte a bhí ag An Post i leith Vóta 37 agus i leith CÁS. B'ionann an t-iarmhéid comhfhreagrach comhcheangailte ag deireadh 2021 agus €231.2 milliún.

2.3 Fardail

ag an 31 Nollaig	2022 ^a	2021
	€000	€000
Stáiseanóireacht	—	160
Ábhar inchaite TF	—	31
	—	191

Nóta ^a Ón mbliain 2022 i leith, cláraítear earraí ardtoirte íseal-luacha ar fad mar chaiteachas sa bhliain agus ní aicmítear iad mar earraí stoic a thuilleadh.

2.4 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2022	2021
	€000	€000
Réamhíocaíochtaí le cláir shonracha ^a	59,277	55,886
Tacaíocht bogearraí	3,590	2,514
Riarachán	983	2,180
Réamhíocaíochtaí eile	284	—
	64,134	60,580

Nóta ^a Cuireann an Roinn réamh-mhaoiniú ar fáil do roinnt eagraíochtaí a sholáthraíonn scéimeanna. Cuirtear airleacain ar fáil do scéimeanna Tionscnaimh Fostaíochta Pobail agus Post sula dtosaíonn siad chun costais tosaigh a chlúdach agus déantar iad a fhorchúiteamh laistigh de 12 mhí óna n-eisiúint de ghnáth. Cuirtear cúlchnap le haghaidh sreabhadh airgid ar fáil do Sheirbhísí Fostaíochta Áitiúla, do Chlubanna Post agus do Sheirbhísí Fostaíochta Poiblí (SFP) ar Conradh chun costais leanúnacha a chlúdach agus déantar iad a réiteach ar bhonn leanúnach nuair a dhéantar gach íocaíocht. Baineann an t-airgead sin le heagraíochtaí seachas le héilitheoirí aonair.

2.5 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2022	2021
	€000	€000
Airleacain chuig An Post le haghaidh caiteachas postais	1,007	1,007
Airleacain chuig OOP le haghaidh troscán oifige, foirgneamh agus obair leictreach	—	244
Airleacain chuig Pobal	6,145	5,350
Airleacan chuig na Coimisinéirí Ioncaim ^a	9,752	7,411
Réamhíocaíochtaí scéime ^b	164,220	161,354
Míreanna dochair eile ar fionraí	2,096	2,454
<i>Dlite ó CÁS maidir leis na nithe seo a leanas^c</i>		
• fáiltais a bhaineann leis an Vóta a aisghabhadh trí CÁS	18,121	18,809
• íocaíochtaí a rinneadh ón Vóta thar ceann CÁS	6,638	21,758
• íocaíochtaí óinchiste is infhaighte ó CÁS	23	1
	208,002	218,388

Nótaí ^a Baineann airleacain chuig na Coimisinéirí Ioncaim leis an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta agus leis an Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá.

^b Is éard is réamhíocaíochtaí scéime ann ná íocaíochtaí scéime a dhéantar sa bhliain agus nach ngearrtar sa bhliain reatha.

^c Íocaíochtaí scéime amháin. Níl costais riaracháin ar áireamh anseo.

2.6 Speansais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2022	2021
	€000	€000
Fabhruithe clár sonrach ^a	47,071	49,658
Fabhruithe eile	8,249	5,556
Seirbhísí agus tacaíocht TF	4,014	808
Speansais riaracháin	1,750	704
	61,084	56,726

Nóta ^a Airgead atá dlite d'eagraíochtaí a sholáthraíonn Fostaíocht Phobail, Tionscnamh Post, Seirbhísí Fostaíochta Áitiúla agus Seirbhísí Fostaíochta Poiblí (SFP) ar Conradh thar ceann na Roinne. Baineann an t-airgead seo le heagraíochtaí seachas le héilitheoirí aonair.

2.7 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2022	2021
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	3,675	3,740
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	3,029	3,001
Muirear sóisialach uilíoch	761	702
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	4,399	3,974
Cáin bhreisluacha	17	16
Ranníocaíochtaí pinsin	1,827	2,446
Cáin mhaoine áitiúil	37	51
Fáltais bhreise ón Stáitchiste	—	1
	13,745	13,931
Asbhaintí párolla	2,131	2,235
Dlíte do CÁS maidir leis na nithe seo a leanas ^a		
• Íocaíochtaí a rinneadh le CÁS thar ceann an Vóta	4,273	4,035
• Íocaíochtaí óinchiste a fuarthas ó CÁS	4,937	2,167
Aisghabhálacha ró-íocaíochta neamh-mheaitseáilte	4,165	3,846
Aisghabháil fiachais thar ceann thíortha eile AE	927	877
Dlíte do OOP maidir le troscán oifige, foirgnimh agus obair leictreach	1,080	—
Dlíte do RLCMLÓ maidir leis an Scéim Íocaíochta Aitheantais Cóiríochta	3,660	—
Míreanna sochair eile ar fionraí	473	565
	35,391	27,656

Nóta ^a Íocaíochtaí scéime amháin. Níl costais riaracháin ar áireamh anseo.

2.8 Glanmhaoiniú ón Státhiste

ag an 31 Nollaig	2022 €000	2021 €000
Barrachas le géilleadh	150,281	143,680
Géilleadh iarchurtha	1,390	1,200
Deontas ón Státhiste nár tarraingíodh	(150,596)	(109,562)
Glanmhaoiniú ón Státhiste	1,075	35,318
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
larmhéideanna dochair: fionraí	208,002	218,388
CÁS: fionraí	—	229,970
Creidiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	(171,536)	(385,384)
Dlite don Stát	(13,745)	(13,931)
larmhéideanna sochair: fionraí	(21,646)	(13,725)
	(206,927)	(413,040)
	1,075	35,318

2.9 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta	2022 €000	2021 €000
larmhéid ag an 1 Eanáir		142,698	148,598
Eisíocaíochtaí ón Vóta			
Soláthar meastacháin	Cuntas	12,616,348	
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(1,390)	
Barrachas le géilleadh	Cuntas	(150,281)	
Glanvóta		12,464,677	17,719,538
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1.1	110,378	98,351
Caiteachas neamhairgid – measchíos	1	14,198	14,386
Coigeartú i leith sócmhainní caipitil atá á bhforbairt agus sócmhainní seasta	2.1	(51)	4,104
Glanchostas an chláir	1	(12,598,462)	(17,842,279)
larmhéid ag an 31 Nollaig		133,438	142,698

2.10 Ceangaltais

a) Ceangaltais dhomhanda	2022	2021
ag an 31 Nollaig	€000	€000
Earraí agus seirbhísí a sholáthar ^a	24,853	34,359
Caiteachas deontais neamhchaipitil ^a	56,106	38,473
Tionscadail chaipitil	18,515	9,957
lomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí	99,474	82,789
b) Cláir dheontais neamhchaipitil		
larmhéid tosaigh	38,473	31,905
Deontais a íocadh sa bhliain	(72,610)	(52,922)
Ceangaltais deontais nua	90,375	59,669
Deontais a cuireadh ar ceal	(132)	(179)
larmhéid deiridh	56,106	38,473

Nóta ^a Rinneadh athanailís ar sholáthar earraí agus seirbhísí 2021 chun caiteachas deontais neamhchaipitil a thaispeáint ar leithligh, i gcomhréir le haicmithe 2022.

2.11 Dliteanais aibithe

ag an 31 Nollaig	2022	2021
	€000	€000
Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh glanta ag deireadh na bliana	209	114

2.12 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Roinn páirteach in 92 chás dlí a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá suim iarbhír nó uainiú aon dliteanas féideartha éiginnte.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

		2022		2021
		Soláthar meastacháin		Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais			
	<i>Bunaidh</i>	325,434		
	<i>Forlíontach</i>	11,500		
			336,934	329,354
ii	Taisteal agus cothú			
	<i>Bunaidh</i>	4,227		
	<i>Forlíontach</i>	(1,936)		
			2,291	1,931
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha			
	<i>Bunaidh</i>	14,636		
	<i>Forlíontach</i>	854		
			15,490	13,698
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide			
	<i>Bunaidh</i>	13,977		
	<i>Forlíontach</i>	500		
			14,477	15,327
v	Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF			
	<i>Bunaidh</i>	74,295		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	820		
	<i>Forlíontach</i>	(9,690)		
			65,425	61,478
vi	Costais áitribh oifige			
	<i>Bunaidh</i>	21,825		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	380		
	<i>Forlíontach</i>	(815)		
			21,390	18,539
vii	Comhairleoireacht		1,100	1,120
viii	Íocaíochtaí le haghaidh seirbhísí gníomhaireachta			487
	<i>Bunaidh</i>	126,599		
	<i>Forlíontach</i>	18,387		
			144,986	136,262
				117,276

		2022		2021
		Soláthar meastacháin		Toradh
		€000	€000	€000
ix	Tionscadail a bhaineann le ríomh-Rialtais			
	<i>Bunaidh</i>	16,500		
	<i>Forlíontach</i>	2,800		
			19,300	18,396
			621,393	596,105
				14,293
				544,707

Difríochtaí suntasacha

Tugtar sa mhéid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €4.2 milliún; toradh €1.9 milliún

Cúis leis an ngannchaitheamh €2.3 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin ba ea go raibh meastacháin taistil bunaithe ar an tuiscint go gcuirfí tús arís leis na leibhéil taistil a bhí ann roimh an bpaindéim. Níor tháinig sé sin chun cinn mar a bhíodhas ag súil leis.

Clár A Scéimeanna cúnaimh shóisialaigh, seirbhísí, agus íocaíochtaí leis an gCiste Árachais Shóisialaigh

				2022	2021
		Soláthar meastacháin		Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
A.1	Riarachán - pá				
	<i>Bunaidh</i>	325,434			
	<i>Forlíontach</i>	11,500			
			336,934	329,354	310,417
A.2	Riarachán – neamhphá				
	<i>Bunaidh</i>	273,159			
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	1,200			
	<i>Forlíontach</i>	10,100			
			284,459	266,751	234,290
Pinsin					
A.3	Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach)				
	<i>Bunaidh</i>	1,072,683			
	<i>Forlíontach</i>	66,017			
			1,138,700	1,136,457	1,083,119
Aois Oibre – Tacaí Ioncaim					
A.4	Liúntas Cuardaitheora Poist				
	<i>Bunaidh</i>	1,701,948			
	<i>Forlíontach</i>	(10,010)			
			1,691,938	1,641,486	1,567,383
A.5	Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora				
	<i>Bunaidh</i>	566,079			
	<i>Forlíontach</i>	42,581			
			608,660	613,976	561,233
A.6	Pinsean Baintrí, Baintreach Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-Ranníocach)		12,084	12,252	12,691
A.7	Liúntas Banchéile Thréigthe		605	498	635
A.8	Íocaíochtaí Liúntas Bunúsach Leasa Forlíontach		123,723	121,595	94,865
A.9	Cúnamh Feirme				
	<i>Bunaidh</i>	53,870			
	<i>Forlíontach</i>	1,608			
			55,478	55,665	59,030
A.10	Íocaíochtaí ar Riachtanais Eisceachtúla agus Phráinneacha				
	<i>Bunaidh</i>	45,750			
	<i>Forlíontach</i>	17,940			
			63,690	57,668	43,089

		2022		2021
		Soláthar meastacháin		Toradh
		€000	€000	€000
A.11	Aois Oibre Eile – Tacaí Ioncaim			
	<i>Bunaidh</i>	15,350		
	<i>Forlíontach</i>	10,870		
			26,220	15,322
	Aois Oibre – Tacaí Fostaíochta			
A.12	Clár Fostaíochta Pobail			
	<i>Bunaidh</i>	375,366		
	<i>Forlíontach</i>	(48,876)		
			326,490	320,213
A.13	Scéim Shóisialta Tuaithe			
	<i>Bunaidh</i>	51,903		
	<i>Forlíontach</i>	(3,303)		
			48,600	49,476
A.14	Tús			
	<i>Bunaidh</i>	112,561		
	<i>Forlíontach</i>	(22,061)		
			90,500	78,557
A.15	Tionscnamh Post			
	<i>Bunaidh</i>	11,822		
	<i>Forlíontach</i>	968		
			12,790	13,116
A.16	Liúntas Fiontraíochta chun Filleadh ar Obair			
	<i>Bunaidh</i>	56,484		
	<i>Forlíontach</i>	(24,084)		
			32,400	28,881
A.17	Scéim Tacaíochta Fostaíochta don Aos Óg		—	563
A.18	Liúntas chun Filleadh ar Oideachas			
	<i>Bunaidh</i>	105,396		
	<i>Forlíontach</i>	(63,896)		
			41,500	54,322
A.19	JobsPlus			
	<i>Bunaidh</i>	28,400		
	<i>Forlíontach</i>	(24,050)		
			4,350	3,315
A.20	An tSeirbhís Fostaíochta Áitiúla			
	<i>Bunaidh</i>	9,810		
	<i>Forlíontach</i>	5,660		
			15,470	18,623

			2022		2021
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
			€000	€000	€000
A.21	Clubanna Post				
		<i>Bunaidh</i>	1,960		
		<i>Forlíontach</i>	840		
				2,800	4,198
A.22	Clár Socrúcháin Taithí Oibre				
		<i>Bunaidh</i>	62,612		
		<i>Forlíontach</i>	(59,942)		
				2,670	596
A.23	Aois Oibre Eile – Tacaí Fostaíochta				
		<i>Bunaidh</i>	24,648		
		<i>Forlíontach</i>	(13,679)		
				10,969	13,111
A.24	Scéimeanna Seirbhísí Fostaíochta Poiblí (SFP) ar Conradh				
		<i>Bunaidh</i>	31,156		
		<i>Forlíontach</i>	(3,701)		
				27,455	—
A.yy	Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá Covid-19 (SFSP)				
		<i>Bunaidh</i>	5,000		
		<i>Forlíontach</i>	(2,490)		
				2,510	16,071
A.zz	Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta Covid-19 (SFPF)				
		<i>Bunaidh</i>	600,000		
		<i>Forlíontach</i>	199,300		
				799,300	4,570,529
Breoiteacht, Míchumas agus Cúramóirí					
A.25	Liúntas Míchumais				
		<i>Bunaidh</i>	1,891,647		
		<i>Forlíontach</i>	135,358		
				2,027,005	1,828,845
A.26	Pinsean na nDall				
		<i>Bunaidh</i>	12,378		
		<i>Forlíontach</i>	235		
				12,613	12,255

			2022		2021
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
			€000	€000	€000
A.27	Liúntas Cúramóra				
	<i>Bunaidh</i>	990,228			
	<i>Forlíontach</i>	12,623			
			1,002,851	993,159	930,556
A.28	Liúntas Cúram Baile				
	<i>Bunaidh</i>	203,300			
	<i>Forlíontach</i>	24,140			
			227,440	224,476	202,445
A.29	Deontas Tacaíochta Cúramóra				
	<i>Bunaidh</i>	262,400			
	<i>Forlíontach</i>	78,683			
			341,083	327,534	257,223
A.30	Tacaí Gníomhachtaithe Míchumais				
	<i>Bunaidh</i>	12,160			
	<i>Forlíontach</i>	(2,773)			
			9,387	8,827	10,375
A.31	Scéim Fóirdheontas Pá				
	<i>Bunaidh</i>	29,580			
	<i>Forlíontach</i>	(8,920)			
			20,660	20,466	15,900
Leanaí					
A.32	Sochar Linbh				
	<i>Bunaidh</i>	2,061,480			
	<i>Forlíontach</i>	223,100			
			2,284,580	2,286,444	2,090,446
A.33	Íocaíocht Teaghlaigh Oibre				
	<i>Bunaidh</i>	348,550			
	<i>Forlíontach</i>	11,290			
			359,840	361,090	338,407
A.34	Díbhinn Teaghlaigh chun Filleadh ar Obair				
	<i>Bunaidh</i>	10,370			
	<i>Forlíontach</i>	1,076			
			11,446	11,228	10,248
A.35	Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua				
	<i>Bunaidh</i>	58,170			
	<i>Forlíontach</i>	28,350			
			86,520	85,867	51,651
A.36	Scéimeanna Béilí Scoile				
	<i>Bunaidh</i>	68,100			
	<i>Forlíontach</i>	4,900			
			73,000	77,511	58,386

		2022		2021
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.37	Íocaíochtaí a Bhaineann le Leanaí	8,428	8,692	8,462
Íocaíochtaí Forlíontacha, Gníomhaireachtaí agus Seirbhísí Ilghnéitheacha				
A.38	Forlíonadh Cíosa			
	<i>Bunaidh</i>	79,700		
	<i>Forlíontach</i>	(5,100)		
		74,600	75,149	122,962
A.39	Liúntas Tacaíochta Teileafóin	8,400	8,513	8,467
A.40	Pacáiste Sochair Teaghlaigh			
	<i>Bunaidh</i>	78,885		
	<i>Forlíontach</i>	4,862		
		83,747	87,766	84,432
A.41	Saorthaisteal	95,000	89,569	91,266
A.42	Liúntas Breosla			
	<i>Bunaidh</i>	211,570		
	<i>Forlíontach</i>	136,927		
		348,497	353,813	195,261
A.43	Deontas don Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh			
	<i>Bunaidh</i>	60,258		
	<i>Forlíontach</i>	(3,528)		
		56,730	56,309	59,037
A.44	Seirbhísí ilghnéitheacha	15,311	14,312	16,216
A.45	Íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh faoi alt 9(9)(a) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005	—	—	2,606,030
Iomlán		12,907,433	12,817,407	18,152,515

Difríochtaí suntasacha

Tugtar sa mhéid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €90.3 milliún níos lú ná na Meastacháin Athbhreithnithe Bhreise a cuireadh ar fáil. Bhí an difríocht sin comhdhéanta de na nithe seo a leanas.

- Bhain glan-ghannchaitheamh €25.3 milliún de sin le caiteachas riaracháin. Tá míniú tugtha cheana féin ar na difríochtaí suntasacha i bhfo-mhírchinn aonair (+/-25% agus €100,000).
- Baineann glan-ghannchaitheamh €65 mhilliún le fo-mhírchinn scéime agus seirbhíse. Tá cur síos déanta thíos ar na príomhdhifríochtaí.

A.3 Pinsean Stáit (Neamhranníocach)

Soláthar meastacháin €1,072.7 milliún; toradh €1,136.5 milliún

Bhí róchaitheamh €63.8 milliún ann go príomha mar gheall ar na nithe seo a leanas:

- Bhí meánluachanna íocaíochta seachtainiúla iarbhír le haghaidh croí-íocaíochtaí (€246.20) €9.03 níos mó ná mar a measadh (€237.17). Chosain sé sin €44.5 milliún agus is éard ba chúis leis ná raon beart costas maireachtála nach ndearnadh aon soláthar dóibh sa mheastachán bunaidh, lenar áiríodh €22.2 milliún chun íocaíocht aonuaire costas maireachtála a dhéanamh, €22.2 milliún eile chun bónas na Nollag a íoc agus €6.4 milliún chun cnapsuim aonuaire €200 a íoc le daoine a chónaíonn ina n-aonar. Coigilt fritháirimh €6.3 milliún a bhí i gceist mar gheall ar mheánluachanna íocaíochta bunúsacha níos ísle.
- Meánlíon iarbhír na bhfaighteoirí a bhí ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin (1,066) le meánluach íocaíochta seachtainiúil €307.65. Chosain sé sin €17.1 milliún.
- Bhí coigeartuithe iarbhír (€94.6 milliún) €4.9 milliún níos lú ná mar a measadh (€99.5 milliún). Is éard ba chúis leis ná aisíocaíochtaí níos ísle leis an scéim Liúntas Leasa Forlíontach (LLF) tar éis cinntí a dhéanamh maidir le héilimh phinsin i leith daoine a bhí ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin agus a bhí ag fáil íocaíochtaí LLF agus iad ag fanacht ar chinntí maidir lena n-éilimh.

Arna fhritháireamh ag

- Bhí meánlíon iarbhír na bhfaighteoirí (94,704) 223 dhuine níos lú ná mar a measadh (94,927). Choigil sé sin €2.8 milliún.

A.5 Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora

Soláthar meastacháin €566.1 milliún; toradh €614 mhilliún

Bhí róchaitheamh €47.9 milliún ann mar gheall ar na nithe seo a leanas

- Bhí meánlíon iarbhair na gcroífhaighteoirí (40,391 duine) 801 duine níos airde ná mar a measadh (39,590). Chosain sé sin €11.4 milliún.
- Bhí meánluachanna íocaíochta seachtainiúla iarbhair do chroífhaighteoirí (€281.85) €8.72 níos mó ná mar a measadh (€273.13). Chosain sé sin €18.3 milliún. Tharla sé sin go príomha mar gheall ar roinnt íocaíochtaí aonuaire costas maireachtála nach ndearnadh aon soláthar dóibh sa mheastachán bunaidh, lenar áiríodh costas maireachtála an fhómhair a chosain €10.9 milliún, agus chosain bónas na Nollag €10.9 milliún eile, arna fhritháireamh ag coigilt €3.9 milliún ar mheánluachanna íocaíochta bunúsacha.
- Ba é an meánmhéid iarbhair a fuair daoine a bhí ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin (969), ná 52 sheachtain ar an meán agus meánluach íocaíochta seachtainiúil €313.02. Chosain sé sin €15.8 milliún agus níor samhlaíodh é nuair a tugadh an meastachán bunaidh chun críche. Bhí meánluachanna íocaíochta níos airde ná mar a bhí i gcás croí-íocaíochtaí mar gheall ar riaráistí suntasacha a íocadh i dtús na n-éileamh.
- Bhí coigeartuithe iarbhair (€6 mhilliún) €2.4 milliún níos mó ná mar a measadh (€3.6 milliún).

A.7 Liúntas Banchéile Thréigthe

Soláthar meastacháin €605,000; toradh €498,000

Bhí gannchaitheamh €107,000 ann toisc go raibh líon na bhfaighteoirí (46) 13 dhuine níos lú ná mar a measadh (59). Tá an scéim dúnta d'fhaighteoirí nua, agus tá líon na n-éileamh atá á n-íoc ag laghdú níos tapúla ná mar a bhíodhas ag súil leis.

A.10 Íocaíochtaí ar Riachtanais Eisceachtúla agus Phráinneacha

Soláthar meastacháin €45.8 milliún; toradh €57.7 milliún

Bhí róchaitheamh €11.9 milliún ann go príomha mar gheall ar na nithe seo a leanas

- Bhí líon iarbhair na gcroí-íocaíochtaí (57,923) 2,454 cinn níos mó ná mar a measadh (55,469). Chosain sé sin €2.1 milliún agus is éard ba chúis leis ná go raibh níos mó daoine ag lorg cúnamh le billí tí agus téamh.
- Bhí meánluachanna íocaíochta iarbhair le haghaidh croí-íocaíochtaí (€918.48) €71.70 níos mó ná mar a measadh (€846.78). Chosain sé sin €4.2 milliún agus is éard ba chúis leis ná costas níos airde ar bhillí tí, téamh, sochraidí agus fearais lóistín nua.
- B'ionann líon iarbhair na n-íocaíochtaí le daoine a bhí ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin agus 32,387 gcinn le meánluach íocaíochta €166.37, éadaí den chuid is mó, a mbeadh meánluachanna íocaíochta níos ísle acu ná catagóirí íocaíochta eile. Chosain sé sin €5.4 milliún.

A.11 Aois Oibre Eile – Tacáí Ioncaim

Soláthar meastacháin €15.4 milliún; toradh €23.3 milliún

Bhí róchaitheamh €7.9 milliún ann mar gheall ar na nithe seo a leanas

- Bhí meánlíon iarbhair na bhfaighteoirí Liúntais Costas Laethúil (5,070) 1,753 duine níos airde ná mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán (3,317). Chosain sé sin €5.7 milliún agus is éard ba chúis leis ná níos mó daoine a bhí ag lorg dídine in Éirinn seachas daoine a bhí ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin.
- Bhí meánluachanna íocaíochta seachtainiúla iarbhair don Liúntas Costas Laethúil (€73.26) €10.55 níos airde ná mar a measadh (€62.71) agus is éard ba chúis leis ná níos mó teaghlach ná daoine aonair a bhí ag déanamh éileamh. Chosain sé sin €2.8 milliún.

Arna fhritháireamh ag

- Bhí meánlíon iarbhair na bhfaighteoirí Forlíontaí Eile (1,810) 361 duine níos ísle ná mar a measadh (2,171) mar gheall go príomha ar níos mó bealaí amach ó fhorlíontaí dúnta (Forlíonadh Aiste Bia agus Ús Morgáiste) ná mar a bhíodhas ag súil leis. Choigil sé sin €600,000.

A.12 Clár Fostaíochta Pobail

Soláthar meastacháin €375.4 milliún; toradh €329 milliún

Bhí gannchaitheamh €46.4 milliún ann go príomha mar gheall ar na nithe seo a leanas

- Bhí meánlíon iarbhair na rannpháirtithe (18,890) 3,660 duine níos ísle ná mar a measadh (22,550). Choigil sé sin €49.4 milliún agus is éard ba chúis leis ná líon mór daoine a fuair an Íocaíocht Dífhostaíochta Paidéime (ÍDP) a bheith ag fáil fostaíocht lánaimseartha de réir téarnamh tapa ar an margadh saothair tar éis Covid-19, rud a chiallaíonn nár líonadh áiteanna rannpháirtithe mar a bhí beartaithe sa mheastachán bunaidh.
- Bhí meánlíon iarbhair na maoirseoirí (1,230) 127 nduine níos lú ná mar a measadh (1,357). Choigil sé sin €5 mhilliún.
- Tomhaltáin agus ábhair chúrsa níos ísle mar thoradh ar níos lú rannpháirtithe. Choigil sé sin €2 mhilliún.
- Forchúitimh níos airde ó thionscadail FP. Choigil sé sin €1.8 milliún.

Arna fhritháireamh ag

- Bhí meánchostais sheachtainiúla phárolla rannpháirtithe iarbhair (€266.79) €7.08 níos airde ná mar a measadh (€259.71). Chosain sé sin €6.9 milliún. Chosain costas íocaíochta maireachtála an fhómhair €4.8 milliún, agus chosain bóinas na Nollag €4.8 milliún eile, agus ní dhearnadh aon soláthar do cheachtar díobh sa mheastachán bunaidh a fhritháiríodh trí choigilt €2.7 milliún ar mheánluachanna íocaíochta bunúsacha.
- Chosain íocaíochtaí pinsin iarbhair ex-gratia le maoirseoirí €5.1 milliún.

A.13 Scéim Shóisialta Tuaithe

Soláthar meastacháin €51.9 milliún; toradh €48.9 milliún

Bhí gannchaitheamh €3 mhilliún ann go príomha mar gheall ar na nithe seo a leanas

- Bhí líon iarbhair na rannpháirtithe (2,880) 240 duine níos lú ná mar a measadh (3,120). Choigil sé sin €3.3 milliún, agus bhí tionchar ag srianta sláinte poiblí agus ag laghdú ar líon na ndaoine a fuair an Cúnamh Feirme ar an nglacadh le háiteanna.

Arna fhritháireamh ag

- Bhí meánchostais sheachtainiúla phárolla rannpháirtithe iarbhair (€269.61) €2.78 níos mó ná mar a measadh (€266.83). Chosain sé sin €400,000. Chosain costas maireachtála an fhómhair €700,000, agus chosain bóinas na Nollag €700,000 eile, agus ní dhearnadh aon soláthar do cheachtar díobh sa mheastachán bunaidh. Rinneadh na costais sin a fhritháireamh le meánluachanna íocaíochta bunúsacha níos ísle, rud a choigil €1 mhilliún.

A.14 Tús

Soláthar meastacháin €112.5 milliún; toradh €90.2 milliún

Bhí gannchaitheamh €22.3 milliún mar gheall ar na nithe seo a leanas:

- Bhí meánlíon iarbhair na rannpháirtithe (5,142) 1,618 nduine níos lú ná mar a measadh (6,760). Choigil sé sin €22.1 milliún. Níor tháinig an méadú tobann a rabhtas ag súil leis i líon na n-iarfhaghteoirí íocaíochta Dífhostaíochta Paindéime a bhí ag glacadh le háiteanna Tús chun cinn mar gheall ar an téarnamh níos láidre ná mar a bhíodhas ag súil leis sa mhargadh saothair tar éis Covid-19.
- Bhí meánlíon iarbhair na maoirseoirí (271) 17 nduine níos lú ná mar a measadh (288). Choigil sé sin €700,000.
- Coigilíodh €800,000 mar thoradh ar chostais an chomhlachta forfheidhmithe a bheith níos ísle.

Arna fhritháireamh ag

- Bhí meánchostais sheachtainiúla phárolla rannpháirtithe iarbhair (€268.10) €4.97 níos airde ná mar a measadh (€263.13). Chosain sé sin €1.3 milliún. €1.3 milliún an costas a bhain le costas maireachtála an fhómhair, agus chosain bóinas na Nollag €1.3 milliún eile, agus ní dhearnadh aon soláthar do cheachtar díobh sa mheastachán bunaidh. Rinneadh na costais bhreise sin a fhritháireamh trí choigilt €1.3 milliún ar mheánluachanna íocaíochta bunúsacha.

A.16 Liúntas Fiontraíochta chun Filleadh ar Obair

Soláthar meastacháin €56.5 milliún; toradh €31.9 milliún

Bhí gannchaitheamh €24.6 milliún ann mar gheall ar na nithe seo a leanas

- Bhí líon iarbhair na rannpháirtithe (2,681) 2,259 nduine níos lú ná mar a measadh (4,940). Choigil sé sin €25.9 milliún. Is de bharr téarnamh níos tapúla sa mhargadh saothair agus de bharr líon cuardaitheoirí poist tar éis Covid-19 a bheith níos ísle ná mar a measadh a tháinig an choigilt sin.

Arna fhritháireamh ag

- Bhí meánluachanna íocaíochta seachtainiúla iarbhair (€229.82) €9.54 níos mó ná mar a measadh (€220.28). Chosain sé sin €1.3 milliún, mar gheall, go príomha, ar íocaíocht costas maireachtála an fhómhair dar luach €550,000, agus chosain bóinas na Nollag €550,000 eile, agus ní dhearnadh soláthar do cheachtar díobh sa mheastachán bunaidh.

A.18 Liúntas chun Filleadh ar Oideachas

Soláthar meastacháin €105.4 milliún; toradh €40.3 milliún

Bhí gannchaitheamh €65.1 milliún ann mar gheall ar na nithe seo a leanas

- Bhí meánlíon iarbhair na bhfaighteoirí (4,282) i rith na bliana acadúla 7,218 nduine níos lú ná mar a measadh (11,500). Choigil sé seo €59.1 milliún agus is éard ba chúis leis ná téarnamh níos tapúla sa mhargadh saothair tar éis Covid-19, rud a d'fhág go raibh líon níos lú cuardaitheoirí poist ag baint leas as an scéim. Bhí an meastachán bunaithe ar na gealltanais a tugadh sna Bealaí chun na hOibre nuair nach raibh scála an tionchair fhadtéarmaigh ón bpaindéim soiléir go fóill.
- Bhí meánlíon iarbhair na bhfaighteoirí (1,243) i rith an tsamhraidh 1,657 nduine níos ísle ná mar a measadh (2,900). Choigil sé sin €6.4 milliún agus is éard ba chúis leis ná níos lú faighteoirí bunúsacha ar an scéim.

Arna fhritháireamh ag

- Bhí meánluachanna íocaíochta seachtainiúla iarbhair le linn na bliana acadúla (€241.86) €2.51 níos mó ná mar a measadh (€239.35). Chosain sé sin €400,000. €350,000 an costas a bhain le híocaíocht costas maireachtála an fhómhair, agus €350,000 eile a chosain bóinas na Nollag. Coigilt fritháirimh €300,000 a bhí i gceist mar gheall ar roinnt tosca eile, lena áiríodh níos lú costais íocaíochtaí liúntais oideachais mar gheall ar níos lú rannpháirtithe ar an scéim.

A.19 JobsPlus

Soláthar meastacháin €28.4 milliún; toradh €4.2 milliún

Bhí gannchaitheamh €24.2 milliún ann mar gheall ar na nithe seo a leanas

- Bhí meánlíon iarbhir na rannpháirtithe (950) 4,768 nduine níos lú ná mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán (5,718). Choigil sé sin €23.7 milliún. Is éard ba chúis leis ná níos lú daoine ag dul chuig JobsPlus mar gheall ar Bheochlár níos ísle a d'eascair as téarnamh níos tapúla sa mhargadh saothair ná mar a bhí beartaithe nuair a tugadh an meastachán chun críche.
- Bhí meánluachanna íocaíochta míosúla iarbhir (€368.25) €45.62 níos lú ná mar a measadh (€413.87) mar gheall ar laghdú ar chion na rannpháirtithe ar an ardráta in 2022 i gcomparáid le 2021, rud a bhí mar bhonn eolais do mheastachán 2022. Choigil sé sin €500,000.

A.20 An tSeirbhís Fostaíochta Áitiúla

Soláthar meastacháin €9.8 milliún; toradh €14.7 milliún

Bhí róchaitheamh €4.9 milliún ann mar gheall ar na nithe seo a leanas

- Bhí caiteachas iarbhir ar chostais foirne na Seirbhíse Fostaíochta Áitiúla (SFÁ) (€10.8 milliún) €3.3 milliún níos mó ná mar a measadh (€7.5 milliún). Is éard ba chúis leis sin ná síneadh ama a cuireadh le conarthaí SFÁ ó dheireadh mhí an Mheithimh 2022 (mar a bhí beartaithe sa mheastachán) go dtí deireadh mhí Lúnasa 2022 mar thoradh ar an moill ar sholáthar don chonradh nua athsholáthair de chuid na Fostaíochta Seirbhíse Poiblí.
- Bhí caiteachas iarbhir ar chostais oibriúcháin SFÁ (€3 mhilliún) €1.2 milliún níos mó ná mar a measadh (€1.8 milliún). Is éard ba chúis leis sin ná síneadh 2 mhí a cuireadh le conarthaí SFÁ.
- Bhí an caiteachas iarbhir ar chiste Idirghabhálaí a sholáthair SFÁ (€800,000) €400,000 níos mó ná mar a measadh (€400,000). Is éard ba chúis leis sin ná an síneadh bunúsach 2 mhí a cuireadh le conarthaí SFÁ.

A.21 Clubanna Post

Soláthar meastacháin €2 mhilliún; toradh €2.6 milliún

Bhí róchaitheamh €600,000 ann mar gheall ar shíneadh a chur le conarthaí Clubanna Post ó dheireadh mhí an Mheithimh 2022 (mar a bhí beartaithe sa mheastachán bunaidh) go dtí deireadh mhí Lúnasa 2022 mar gheall ar mhoilleanna sa phróiseas soláthair do chonarthaí nua athsholáthair na Seirbhíse Fostaíochta Poiblí. Is mar seo a leanas a bhí sa chaiteachas breise.

- Bhí costais iarbhir foirne na gClubanna Post (€2 mhilliún) €400,000 níos mó ná mar a measadh (€1.6 milliún). Tharla sé sin mar gheall ar shíneadh a cuireadh le conarthaí agus íocaíochtaí d'éilimh gan íoc mar chuid de dheireadh a chur le conarthaí an Chlub Post.
- Bhí Costais Oibriúcháin iarbhir na gClubanna Post (€600,000) €200,000 níos mó ná mar a measadh (€400,000) agus is éard ba chúis leis ná síneadh a chur le conarthaí.

A.22 Clár Socrúcháin Taithí Oibre

Soláthar meastacháin €62.6 milliún; toradh €2.6 milliún

Bhí gannchaitheamh €60 milliún ann mar gheall ar na nithe seo a leanas

- Bhí líon iarbhair na rannpháirtithe (145) 3,344 dhuine níos lú ná mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán (3,489). Choigil sé sin €60 milliún agus is éard ba chúis leis sin ná an téarnamh níos láidre ná mar a bhíodhas ag súil leis sa mhargadh saothair tar éis na paidéime ná mar a bhí beartaithe nuair a fógraíodh an Clár Socrúcháin Taithí Oibre i Spreagadh Post mhí Iúil 2020 agus sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta ina dhiaidh sin in 2021.

A.23 Aois Oibre Eile – Tacáí Fostaíochta

Soláthar meastacháin €24.6 milliún; toradh €10.6 milliún

Bhí gannchaitheamh €14 mhilliún ann mar gheall ar na nithe seo a leanas

- Bhí caiteachas iarbhair ar an Deontas Tacáíochta Oiliúna (€2.3 milliún) €8.7 milliún níos lú ná mar a measadh (€11 mhilliún). Is éard ba chúis leis ná Beochlár níos ísle in 2022, rud a d'fhág gur baineadh leas níos ísle as Deontais Tacáíochta Oiliúna ná mar a bhíodhas ag súil leis.
- Bhí an caiteachas iarbhair ar an Deontas Tacáíochta Fiontair (DTF) (€2.4 milliún) €6.5 milliún níos lú ná mar a measadh (€8.9 milliún) mar gheall ar líon níos ísle faighteoir ar an Liúntas Fiontraíochta chun Filleadh ar Obair (LFFO) (€1.6 milliún) agus mar gheall ar níos lú éilimh ar dheontais DTF Covid-19 ó dhaoine Féinfhostaithe a bhíodh ar Íocaíocht Dífhostaíochta Paidéime (€4.9 milliún) mar thoradh ar an líon iarfhaighteoirí ÍDP a fuair obair, agus nár aistrigh chuig an liúntas cuardaitheora poist dá bharr sin, a bheith níos airde ná mar a bhíodhas ag súil leis nuair a ullmhaíodh an meastachán.
- Bhí meánlíon iarbhair na rannpháirtithe ar Dhreasacht Poist Pháirtaimseartha (DPPA) (166) 64 dhuine níos lú ná mar a measadh (230) mar gheall ar Bheochlár Meánach Níos Ísle ná mar a measadh, rud a d'fhág go raibh níos lú éilimh ar DPPA. Choigil sé sin €400,000 agus is éard ba chúis leis ná go raibh an margadh saothair níos láidre tar éis Covid-19 ná mar a bhíodhas ag súil leis nuair a ullmhaíodh an meastachán.
- Bhí an caiteachas iarbhair ar Ghníomhachtú agus Tacáíocht Teaghlaigh (€200,000) €400,000 níos lú ná mar a measadh (€600,000). Cuireadh cómhaoiniú ar fáil do dheich n-eagraíocht chun tacú le cláir a sholáthar a úsáidtear chun tacú le forbairt faighteoirí leasa shóisialaigh.

Arna fhritháireamh ag

- Bhí an caiteachas iarbhair ar DPPA do Dhaoine Féinfhostaithe (FF) (€3.8 milliún) €2 mhilliún níos mó ná mar a measadh (€1.8 milliún). Is éard ba chúis leis ná síneadh DPPA do Dhaoine Féinfhostaithe suas go dtí deireadh mhí na Bealtaine 2022 agus líon rannpháirtithe níos airde mar thoradh ar an athraitheach Oimíocrón go luath in 2022.

A.24 Scéimeanna Seirbhísí Fostaíochta Poiblí (SPF) ar Conradh

Soláthar meastacháin €31.2 milliún; toradh €13 mhilliún

Bhí gannchaitheamh €18.2 milliún ann mar gheall ar mhoill ar an bpróiseas soláthair agus ar shlógadh seirbhísí ina dhiaidh sin.

Chun rannpháirtíocht a spreagadh agus chun deis a thabhairt don earnáil neamhbhrabúis a gcuid tairiscintí a chomhordú, rinneadh an cinneadh síneadh a chur leis an amlíne scoir do na conarthaí Seirbhísí Fostaíochta Áitiúla agus Clubanna Post ó dheireadh 2021 go dtí Meitheamh 2022 ar dtús, trí chonradh 6 mhí (a bhí mar bhonn le meastacháin 2022) agus ansin é sin a shíneadh go ceann 2 mhí eile go dtí an 31 Lúnasa 2022 dóibh siúd ar mhian leo glacadh leis an síneadh ama. Chuir slógadh iomlán Chéim 1 de chonarthaí Sheirbhís Fostaíochta Ceantair Áitiúil Chomhpháirtithe Intreo slógadh i gcrích i bhformhór na gconarthaí faoi thús mhí na Nollag 2022 agus Seirbhís Náisiúnta Fostaíochta Chomhpháirtithe Intreo sa chéad ráithe de 2023.

A.yy Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá Covid-19 (SFSP)

Soláthar meastacháin €5 mhilliún; toradh €638,000

Bhí gannchaitheamh €4.4 milliún ann mar gheall ar na nithe seo a leanas

- Tá an Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (SFSP) dúnta agus tháinig an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPP) ina háit ó Mheán Fómhair 2020.
- Mar chuid de SFSP a fhoirceannadh, tá ró-íocaíochtaí gan íoc á n-aisghabháil ag na Coimisinéirí loncaim agus tá riaráistí gan íoc á socrú acu le fostóirí. Bhí an soláthar do riaráistí do 2022 bunaithe ar an staid a bhí ag teacht chun cinn i mí Lúnasa 2021, a bhí mar bhonn eolais do mheastachán 2022 (€5 mhilliún). Bhí coigilt €4.4 milliún ann mar gheall ar riaráistí a bheith níos ísle (€600,000) ná mar a rinneadh soláthar dóibh sa mheastachán (€5 mhilliún).

A.zz Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta Covid-19 (SFPP)

Soláthar meastacháin €600 milliún; toradh €838.6 milliún

Bhí an róchaitheamh €238.6 milliún mar gheall ar na nithe seo a leanas

- €242.8 milliún mar gheall ar íocaíochtaí níos airde le fostóirí mar thoradh ar athraitheach Oimiochrón Covid-19, a d'fhág gur cuireadh srianta Covid-19 i bhfeidhm an athuair i mí na Nollag 2021 agus i mí Eanáir 2022 d'earnálacha áirithe, rud as ar tháinig borradh caiteachais i mí Eanáir 2022 agus síneadh le SFPP go dtí deireadh mhí na Bealtaine 2022 seachas Aibreán 2022 mar a bhí beartaithe sa mheastachán bunaidh.

Arna fhritháireamh ag

- Coigilt €4.2 milliún mar gheall ar aisghabhálacha ró-íocaíochtaí ag na Coimisinéirí loncaim ó fhóistí maidir le ró-íocaíochtaí in 2022.

A.25 Liúntas Míchumais

Soláthar meastacháin €1,891.6 milliún; toradh €2,015.9 milliún

Bhí róchaitheamh €124.3 milliún ann mar gheall ar na nithe seo a leanas

- Bhí meánluachanna íocaíochta seachtainiúla iarbhrí (€247.67) do chroífhaighteoirí €17.68 níos mó ná mar a measadh (€229.99). Chosain sé sin €143.1 milliún. Bhí íocaíocht costas maireachtála an fhómhair dar luach €34 mhilliún, íocaíocht aonuaire Míchumais/Maireachtáil Aonair dar luach €81.2 milliún, bónas na Nollag dar luach €34 mhilliún fritháirithe ag coigilt €6.1 milliún de bharr raon tosca.
- Bhí meánlíon iarbhrí na bhfaighteoirí a bhí ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin (106) os cionn 52 sheachtain ar an meán, le meánluach íocaíochta seachtainiúil €315.44, nuair a fuarthas an meán i gcaitheamh na bliana iomláine in 2022. Chosain sé sin €1.7 milliún. Bhí meánluachanna íocaíochta níos airde ná mar a bhí do chroífhaighteoirí mar gheall ar riaráistí i dtús na n-éileamh. Ós rud é gur scéim í seo atá bunaithe ar éileamh, bíonn sé deacair méideanna amach anseo a thuar. Cé go raibh líon na n-éileamh a cláraíodh beagáinín níos airde ná an treocht stairiúil, tugtar le tuiscint, bunaithe ar líon na bhfaighteoirí a bheith níos ísle ar an iomlán, go bhfuil an fad ama a chaitear ar an scéim ag laghdú nó go bhfuil níos mó bealaí amach ón scéim ar chúiseanna eile, amhail cohórt atá ag dul in aois ag fágáil le haghaidh scéimeanna eile.

Arna fhritháireamh ag

- Bhí meánlíon iarbhrí na bhfaighteoirí (155,532) 1,622 dhuine níos ísle ná mar a measadh (157,154). Choigil sé sin €19.4 milliún.
- Bhí coigeartuithe iarbhrí níos ísle (€10.6 milliún) €1.1 milliún níos lú ná mar a measadh (€11.7 milliún).

A.28 Liúntas Cúram Baile

Soláthar meastacháin €203.3 milliún; toradh €224.5 milliún

Bhí róchaitheamh €21.2 milliún ann mar gheall ar na nithe seo a leanas

- Bhí meánlíon iarbhir na gcroífhaghteoirí (48,072) 1,423 dhuine níos airde ná mar a measadh (46,649). Chosain sé sin €6.2 milliún agus is éard ba chúis leis ná raon tosca, lena áiríodh rátaí leiththeadúlachta míchumais, rud as a dtagann líon níos airde faighteoirí a dtagann a riocht sa chatagóir ‘Galair Mheabhreacha agus lompraíochta’ (cód ICD-10 F). Tá an chatagóir faighteoirí sin ag méadú bliain i ndiaidh bliana, le méadú suntasach ar dhiagnóisiú neamhord de chuid speictream an uathachais (ASD).
- Bhí meánluachanna íocaíochta míosúla iarbhir (€388.71) €25.54 níos airde ná mar a measadh (€363.17). Chosain sé sin €14.7 milliún. Bhí sé sin comhdhéanta de chaiteachas €4.5 milliún ar an íocaíocht costas maireachtála agus de chaiteachas €4.5 milliún eile ar bhónas na Nollag, agus níor cuireadh ceachtar díobh ar áireamh sa mheastachán bunaidh. D’eascair €5.7 milliún eile as amanna próiseála níos faide le linn na ráithe deiridh de 2021, rud a d’fhág go raibh riaráistí ann le linn 2022.
- Meánluach íocaíochta míosúil €512.34 a fuair daoine a bhí ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin (41) i gcaitheamh na bliana in 2022. Chosain sé sin €300,000. Tá meánluachanna íocaíochta níos airde ná meánluachanna na gcroífhaghteoirí mar gheall ar íoc riaráistí i dtús na n-éileamh.

A.29 Deontas Tacaíochta Cúramóra

Soláthar meastacháin €262.4 milliún; toradh €327.5 milliún

Bhí róchaitheamh €65.1 milliún ann mar gheall ar na nithe seo a leanas

- Bhí líon iarbhir na bhfaighteoirí do chroí-Dheontais Tacaíochta Cúramóra (129,952) 1,505 dhuine níos mó ná mar a measadh (128,447). Chosain sé sin €3.1 milliún. Tharla sé sin mar gheall ar mhéaduithe leanúnacha ar fhaighteoirí an Liúntais Cúramóra (LC) agus an Liúntais Cúram Baile (LCB), chomh maith le daoine a bhfuil riachtanas cúraim acu nach bhfaigheann LC, LCB ná Sochar Cúramóra.
- Bhí meánluachanna íocaíochta iarbhir do chroí-dheontais (€2,070.53) €27.66 níos mó ná mar a measadh (€2,042.87). Chosain sé sin €3.5 milliún.
- Chosain líon iarbhir na n-íocaíochtaí aonuaire costas maireachtála (116,496) dar luach €500 an ceann €58.2 milliún.
- Ba é 332 cheann an líon iarbhir íocaíochtaí le daoine a bhí ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin, agus €837.78 ar an meánluach íocaíochta. Chosain sé sin €300,000.

A.30 Tacáí Gníomhachtaithe Míchumais

Soláthar meastacháin €12.2 milliún; toradh €8.8 milliún

Bhí gannchaitheamh €3.4 milliún ann mar gheall ar na nithe seo a leanas

- Bhí caiteachas iarbhrí ar an tSeirbhís Infhostaitheachta (€8.3 milliún) €3.3 milliún níos ísle ná mar a measadh (€11.6 milliún) agus is éard ba chúis leis ná go raibh na costais iarbhrí a chuir conraitheoirí na Seirbhíse Infhostaitheachta isteach níos lú ná mar a measadh mar gheall ar fholúntais foirne agus forchostais a éilíodh a bheith níos lú ná mar a measadh.

A.31 Scéim Fóirdheontas Pá

Soláthar meastacháin €29.6 milliún; toradh €20.5 milliún

Bhí gannchaitheamh €9.1 milliún ann mar gheall ar na nithe seo a leanas

- Bhí líon iarbhrí na rannpháirtithe sa Scéim Fóirdheontais Pá (SFP) (1,413) 340 duine níos lú ná mar a measadh (1,753). Choigil sé sin €5.6 milliún agus is éard ba chúis leis ná an líon iarfhostaithe a fuair tacaíocht ó SFP, a bhain leas as ÍDP agus SFPF agus a d'fhill ar SFP nuair a dúndadh tacaí éigeandála Covid-19 a bheith níos ísle ná mar a measadh.
- Bhí meánluach íocaíochta seachtainiúla iarbhrí na Scéime Fóirdheontais Pá (€269.79) €48.02 níos lú ná mar a measadh (€317.81). Choigil sé sin €3.5 milliún. Is éard ba chúis leis ná fostaithe SFP a bheith ag filleadh ar obair lena bhfostóir SFP nuair a dúndadh ÍDP ar feadh níos lú uaireanta an chloig ná mar a bhí sa chonradh ar dtús roimh phaindéim Covid-19.

A.32 Sochar Linbh

Soláthar meastacháin €2,061.5 milliún; toradh €2,286.4 milliún

Bhí róchaitheamh €224.9 milliún ann mar gheall ar na nithe seo a leanas

- Bhí meánluachanna íocaíochta míosúla iarbhrí do chroífhaighteoirí (€299.14) €24.26 níos mó ná mar a measadh (€274.88). Chosain sé sin €183.9 milliún. B'ionann costas na híocaíochta dubailte i mí na Samhna 2022 agus €175 mhilliún, agus bhí an t-iarmhéid €9 milliún mar gheall ar mheánluachanna íocaíochta seachtainiúla bunúsacha a bheith níos airde ná mar a measadh.
- Is éard ba chúis leis an méadú eile ar chaiteachas ná méadú ar mheánlíon tairbhíthe na scéime a bhain le dídeanaithe ón Úcráin (6,722) agus imirce eile (6,568). Chuir siad sin thart ar €19.7 milliún agus €21.7 milliún leis, faoi seach.

Arna fhritháireamh ag

- Bhí coigeartuithe iarbhrí (€500,000) €400,000 níos mó ná an meastachán (€100,000). Is éard is cúis leis sin ná aisghabhálacha ró-íocaíochta a glanluacháladh i gcoinne an tSochair Linbh a bheith níos airde in 2022 ná mar a cuireadh in iúl faoin meastachán.

A.34 Díbhinn Teaghlaigh chun Filleadh ar Obair

Soláthar meastacháin €10.4 milliún; toradh €11.2 milliún

Bhí róchaitheamh €800,000 ann mar gheall ar na nithe seo a leanas

- Bhí meánluachanna íocaíochta seachtainiúla iarbhair (€80.69) €6.45 níos mó ná mar a measadh (€74.24). Chosain sé sin €800,000 agus is éard ba chúis leis ná go raibh sciar níos mó daoine ar an scéim ar feadh níos lú ná bliain agus dá bhrí sin ar ráta íocaíochta níos airde ná mar a bhí beartaithe nuair a tugadh an meastachán chun críche. Is scéim theoranta ama í an Díbhinn Teaghlaigh chun Filleadh ar Obair a mhaireann dhá bhliain ar a mhéad. Bheadh tionchar ag Covid-19 ar insreabhadh le linn 2020 agus 2021, rud a d'fhág go mbeadh níos lú daoine ar an scéim le breis agus bliain in 2022.

A.35 Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua

Soláthar meastacháin €58.2 milliún; toradh €85.9 milliún

Bhí róchaitheamh €27.7 milliún ann go príomha mar gheall ar na nithe seo a leanas:

- Bhí meánluachanna íocaíochta iarbhair na gcroífhaighteoirí (€565.67) €172.72 níos mó ná mar a measadh (€392.95). Chosain sé sin €25.1 milliún agus is éard ba chúis leis ná €100 breise é do gach leanbh, rud a d'fhógair an Rialtas mar bheart costas maireachtála i mí Iúil 2022.
- Fuair faighteoirí breise (8,020) a bhí ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin meáníocaíocht €439.10 in aghaidh an fhaighteora. Chosain sé sin €3.5 milliún.

Arna fhritháireamh ag

- Bhí líon iarbhair na bpríomhfhaighteoirí (145,571) 2,467 nduine níos lú ná mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán (148,038) mar gheall ar líon níos ísle cuardaitheoirí poist a rinne éilimh a d'eascair as beochlár níos ísle. Choigil sé sin €1 mhilliún.

A.36 Scéimeanna Béilí Scoile

Soláthar meastacháin €68.1 milliún; toradh €77.5 milliún

Bhí róchaitheamh €9.4 milliún ann mar gheall ar an scéim

'Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna' (DEIS) a leathnú chuig 322 scoil eile ó Mheán Fómhair 2022. Ag eascair as an gcinneadh sin, cuireadh síneadh le soláthar na rogha béile scoile te chuig gach bunscoil nua DEIS agus an rogha lóin fuair do gach meánscoil nua DEIS, rud ar bhain thart ar 60,000 leanbh tairbhe as don scoilbhliain 2022/23.

A.38 Forlíonadh Cíosa

Soláthar meastacháin €79.7 milliún; toradh €75.1 milliún

Bhí gannchaitheamh €4.6 milliún ann mar gheall ar na nithe seo a leanas:

- Bhí meánlíon iarbhair na gcroífhaighteoirí (12,079) 812 dhuine níos lú ná mar a measadh (12,891). Choigil sé sin €5 mhilliún agus is éard ba chúis leis ná go raibh líon na n-éileamh níos ísle tar éis deireadh a chur le srianta Covid-19 go luath in 2022.
- Bhí meánluachanna íocaíochta seachtainiúla iarbhair (€118.74) €0.27 níos lú ná mar a measadh (€119.01). Choigil sé sin €200,000.

Arna fhritháireamh ag

- Meánlíon iarbhair na bhfaighteoirí i gcás daoine a bhí ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin (41) le meánluachanna íocaíochta seachtainiúla (€291.39). Chosain sé sin €600,000. Bhí meánluachanna íocaíochta níos airde ná mar a bhí i gcás croí-íocaíochtaí toisc go raibh beagnach gach íocaíocht níos mó ná teorainneacha cíosa agus measadh go raibh siad riachtanach faoi Airteagal 38 (cuid 6) de I.R. Uimh. 412 de 2007.

A.40 Pacáiste Sochair Teaghlaigh

Soláthar meastacháin €78.9 milliún; toradh €87.8 milliún

Féadfar Sochair Theaghlaigh a mhaoiniú ó Vóta 37 nó ón gCiste Árachais Shóisialaigh, ag brath ar an bpríomhscéim atá á héileamh ag an bhfaighteoir. Maoiníonn an fo-mhírcheann seo an ghné sin de na scéimeanna Sochair Teaghlaigh a mhaoinítear ó Vóta 37.

Rinneadh anailís mhionsonraithe ar fhaighteoirí de réir príomhscéime do gach ceann de na comhscéimeanna chun bonn eolais a chur faoi thoradh 2021. Rinneadh an anailís sin tar éis meastachán REV 2022 a thabhairt chun críche agus, mar gheall air sin, is féidir an chuid is mó den difríocht a chur i leith athdháileadh an chaiteachais idir Vóta agus Ciste tar éis na hanailíse sin.

Bhí róchaitheamh €8.9 milliún ann mar gheall ar na nithe seo a leanas

- Bhí an caiteachas iarbhair ar an Liúntas Leictreachais a maoiníodh ó Vóta 37 (€61.6 milliún) €7.3 milliún níos mó ná mar a measadh (€54.3 milliún).
- Bhí an caiteachas iarbhair ar Liúntas Gáis a maoiníodh ó Vóta 37 (€5.8 milliún) €400,000 níos mó ná mar a measadh (€5.4 milliún).
- Bhí an caiteachas iarbhair ar cheadúnais teilifíse Saor in Aisce a maoiníodh ó Vóta 37 (€20.4 milliún) €1.2 milliún níos mó ná mar a measadh (€19.2 milliún).

A.41 Saorthaisteal

Soláthar meastacháin €95 mhilliún; toradh €89.6 milliún

Bhí gannchaitheamh €5.4 milliún ann mar gheall ar na nithe seo a leanas

- Bhí an caiteachas iarbhir ar bhealaí bus a oscailt (€2.4 milliún) €1.2 milliún níos lú ná mar a measadh (€3.6 milliún), ar bhealaí bus iad ar mhaoinigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair iad. Tá na híocaíochtaí sin bunaithe ar úsáid, agus chuir oibritheoirí iompair ar fud na hearnála in iúl don Roinn gur tharla sé, cé gur cuireadh deireadh le srianta iompair phoiblí Covid-19 i Ráithe 1 de 2022, nár fhill oibritheoirí iompair ar na leibhéil úsáide a bhí ann roimh an bpaindéim.
- Bhí caiteachas iarbhir ar oibritheoirí bus príobháideacha (€15.7 milliún) €1.5 milliún níos lú ná mar a measadh (€17.2 milliún). Cuireadh suirbhéanna ar fionraí le linn Covid-19 mar gheall air sin, agus d'fhág trí oibritheoir an scéim i rith na bliana.
- Bhí an caiteachas iarbhir ar thaisteal trasteorann do Ghrúpa CIÉ (€1.6 milliún) €2.7 milliún níos lú ná mar a measadh (€4.3 milliún). Tharla sé sin mar gheall ar mhoill ar shonraisc a fháil ón soláthraí seirbhíse.

A.42 Liúntas Breosla

Soláthar meastacháin €211.6 milliún; toradh €353.8 milliún

Bhí róchaitheamh €142.2 milliún ann mar gheall ar na nithe seo a leanas

- Bhí an meánluach íocaíochta seachtainiúil iarbhir thar an séasúr breosla 28 seachtaine (€55.32) €22.32 níos mó ná mar a measadh (€33.00). Chosain sé sin €142.7 milliún agus is éard ba chúis leis ná trí íocaíocht chnapshuime aonuaire a rinneadh i Márta 2022 (€125), Bealtaine 2022 (€100) agus Samhain (€400).

Arna fhritháireamh ag

- Bhí meánlíon iarbhir na bhfaighteoirí (228,414) a maoiníodh ó Vóta 37 558 nduine níos lú ná mar a measadh (228,972). Choigil sé sin €500,000.

A.43 Deontas don Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh

Soláthar meastacháin €60.3 milliún; toradh €56.3 milliún

Bhí gannchaitheamh €4 mhilliún ann mar gheall ar na nithe seo a leanas

- Bhí caiteachas iarbhir ar dheontais don tSeirbhís um Fhaisnéis do Shaoránaigh (€15.2 milliún) €2.2 milliún níos lú ná mar a measadh (€17.4 milliún).
- Bhí an caiteachas iarbhir ar Abhaile agus Riaráistí Morgáiste Tiomnaithe (RMT) ó Sheirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid (€3.6 milliún) €900,000 níos lú ná mar a measadh (€4.5 milliún). Is éard ba chúis leis sin ná níos lú éilimh ar na seirbhísí sin mar gheall ar an ardú ar an gcostas maireachtála, agus daoine ag tabhairt tús áite d'fhiachas teaghlaigh thar riaráistí morgáiste.
- Bhí caiteachas iarbhir ar chomhlíonadh airgeadais (€400,000) €700,000 níos lú ná mar a measadh (€1.1 milliún) toisc nach raibh gá le maoiniú teagmhasach.
- Bhí caiteachas iarbhir ar theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (€3.5 milliún) €600,000 níos lú ná mar a measadh (€4.1 milliún) mar gheall ar uainiú caiteachais tionscadail agus caiteachas níos ísle ar sheirbhísí teileachumarsáide.
- Bhí caiteachas iarbhir ar dheontais don tSeirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid (€17.7 milliún) €500,000 níos lú ná mar a measadh (€18.2 milliún).
- Bhí caiteachas iarbhir ar chomhlíonadh oibríochtúil (€1.9 milliún) €400,000 níos lú ná mar a measadh (€2.3 milliún) mar gheall ar dhul chun cinn moillithe ar thionscadail áitribh.
- Bhí caiteachas iarbhir ar phá agus ar phinsin an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh (€7.6 milliún) €300,000 níos ísle ná mar a measadh (€7.9 milliún).
- Bhí caiteachas iarbhir ar dheontais na Cuideachta Náisiúnta Seachadta Seirbhíse (€3.6 milliún) €300,000 níos lú ná mar a measadh (€3.9 milliún).

Arna fhritháireamh ag

- Barrachas dheireadh na bliana (€2.3 milliún), a tarraingíodh anuas ó Vóta 37. Bhí sé sin comhdhéanta de €400,000 a bhain le costais bhord an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh nár caitheadh agus €1.9 milliún a bhain le réiteach caiteachais ar fud Cuideachtaí Seachadta Seirbhíse do 2022 tar éis dheireadh na bliana. Géilleadh na suimeanna sin don Stáitchiste le linn R1 2023.

A.44 Seirbhísí ilghnéitheacha

Soláthar meastacháin €15.3 milliún; toradh €14.3 milliún

Bhí gannchaitheamh €1 mhilliún ann mar gheall ar na nithe seo a leanas

- Bhí an caiteachas iarbhir ar Chuimsiú Sóisialta a Chur Chun Cinn do Chúramóirí Teaghlaigh agus do Dhaoine faoi Mhíchumas (€4 mhilliún) €1 mhilliún níos lú ná mar a measadh (€5 mhilliún). Tharla sé sin mar gheall ar an éileamh a rabhthas ag súil leis ó thairgeoirí tar éis próiseas soláthair a d'eagraigh Pobal a bheith níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis do bheart nua a bhain le rochtain cúramóirí teaghlaigh ar fhostaíocht, oideachas agus oiliúint agus iad i mbun cúraim.
- Bhí caiteachas iarbhir ar bhia agus ar bhunábhar maoinithe ó CSE+ (€5 mhilliún) €700,000 níos lú ná mar a measadh (€5.7 milliún). Is éard ba chúis leis sin ná stoc barrachais ag deireadh 2021, rud a dáileadh in 2022.

Arna fhritháireamh ag

- Nuair a tugadh na meastacháin chun críche, ní rabhthas ag coinne le caiteachas iarbhir ar an Tionscadal Gníomhachtaithe Digití do Thuismitheoirí Aonair a fuair maoiniú ó chlár EaSI, rud ar mhaoinigh AE é (€400,000). Baineann na costais sin le costais foirne agus costais riaracháin eile a thabhaíonn baill foirne atá ag obair ar an tionscadal.
- Bhí an caiteachas iarbhir ar fócaíochtaí ex-gratia le marthanóirí Neachtlanna Maighdilíneacha agus institiúidí eile (€3.4 milliún) €300,000 níos mó ná mar a measadh (€3.1 mhilliún) mar gheall ar fócaíocht costas maireachtála an fhómhair agus bónas na Nollag nach ndearnadh soláthar dóibh sa mheastachán bunaidh.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2022		2021
		Soláthar meastacháin	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
Aistriú ón gCiste Árachais Shóisialaigh chuig Vóta 37				
1	Costais riaracháin a aisghabháil ón gCiste Árachais Shóisialaigh			
	<i>Bunaidh</i>	160,410		
	<i>Forlíontach</i>	12,285		
			172,695	164,185
				145,930
Leithreasaí-i-gcabhair: eile				
2	Aisghabhálacha cúnaimh shóisialaigh a ró-íocadh			
	<i>Bunaidh</i>	47,300		
	<i>Forlíontach</i>	(1,500)		
			45,800	46,924
				47,504
3	Aisíocaíocht suimeanna ón gCiste Árachais Shóisialaigh a íocadh i dtosach mar chúnamh sóisialach i mblianta roimhe			
	<i>Bunaidh</i>	3,500		
	<i>Forlíontach</i>	(100)		
			3,400	4,944
			390	3,323
4	Fáltais faoi na forálacha 'dlíteanas chun teaghlach a chothabháil' i gCuid XII den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005			
			404	394
5	Fáltais ón bPríomh-Oifig Chlárúcháin			
	<i>Bunaidh</i>	450		
	<i>Forlíontach</i>	150		
			600	599
				462
6	Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí			
	<i>Bunaidh</i>	7,100		
	<i>Forlíontach</i>	450		
			7,550	7,826
				7,103

		2022		2021
		Soláthar meastacháin	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
7	Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa			
	<i>Bunaidh</i>	620		
	<i>Forlíontach</i>	(620)		
			-	5,000
8	Fáltais ón gCiste Náisiúnta Oiliúna			
	<i>Bunaidh</i>	27,200		
	<i>Forlíontach</i>	(21,490)		
		5,710	6,854	5,061
9	Fáltais ón Údarás Pinsean – aoisliúntas foirne			
	<i>Bunaidh</i>	700		
	<i>Forlíontach</i>	(30)		
		670	677	686
10	Fáltais ó Chiste na gCuntas Díomhaoin			
	<i>Bunaidh</i>	10,000		
	<i>Forlíontach</i>	(5,000)		
		5,000	3,980	5,000
11	Cúnamh a aisghabháil ó éilimh árachais			
	<i>Bunaidh</i>	2,100		
	<i>Forlíontach</i>	1,070		
		3,170	3,117	2,220
12	Fáltais ón gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí			
	<i>Bunaidh</i>	4,800		
	<i>Forlíontach</i>	(1,500)		
		3,300	3,307	3,928
13	Ilghnéitheach			
	<i>Bunaidh</i>	1,000		
	<i>Forlíontach</i>	(300)		
		700	11,905	11,370

		2022		2021
		Soláthar meastacháin		Réadaithe
		€000	€000	€000
14	Ró-íocaíochtaí le haghaidh Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá Covid-19 a aisghabháil do bhlianta roimhe sin			
	<i>Bunaidh</i>	5,000		
	<i>Forlíontach</i>	24,400		
			29,400	30,216
15	Aisghabháil ó Fhóirdheontas Pá Fostaíochta do bhlianta roimhe sin			174,705
	<i>Bunaidh</i>	10,000		
	<i>Forlíontach</i>	2,700		
			12,700	67,792
Iomlán		291,085	352,730	432,977

Difríochtaí suntasacha

Tugtar sa mhéid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €72.1 milliún níos mó ná na Meastacháin Athbhreithnithe Bhreise. Tá mínithe ar na difríochtaí leagtha amach thíos:

3 Aisiocaíocht suimeanna ón gCiste Árachais Shóisialaigh a íocadh i dtosach mar chúnamh sóisialach

Meastachán €3.5 milliún; réadaithe €4.9 milliún

Úsáidtear an fo-mhírcheann seo chun aisghabháil cúnaimh shóisialaigh ón gCiste Árachais Shóisialaigh (CÁS) a thaifeadh i gcás ina ndéantar coigeartú idirscéime tar éis dheireadh na bliana airgeadais. Is féidir le fáiltais athrú go mór ó mhí go mí. Mar shampla, áirítear leis custaiméirí ar íocadh Liúntas Leasa Forlíontach (LLF) Íocaíocht bhunúsach leo (a mhaoinítear ó Vóta 37) agus iad ag fanacht le cinneadh ar a n-éileamh ar Shochar Breoiteachta (SB), ar Phinsean Easláine (PE) nó ar Phinsean Stáit Ranníocach (PSR). Déantar an méid LLF Bunúsach a íoctar a aisghabháil ina dhiaidh sin ó CÁS nuair a chinntear a n-éileamh SB, PE nó PSR. Nuair a dhéantar an cinneadh i mbliain níos déanaí ná an uair a tharla an íocaíocht LLF Bunúsach, déantar an aisghabháil ó CÁS a thaifeadh mar ioncam faoin bhfo-mhírcheann seo.

5 Fáiltais ón bPríomh-Oifig Chlárúcháin

Meastachán €450,000; réadaithe €599,000

Bhí fáiltais €149,000 níos mó ná mar a bhíodhas ag súil leis mar gheall ar éileamh méadaithe ar dheimhnithe chun tacú le hiarratais ar phasanna nua agus athnuachana agus éileamh méadaithe ar dheimhnithe chun tacú le héilimh ar shaoránacht Éireannach tar éis an Bhreathimeachta agus tar éis Covid-19.

6 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí

Meastachán €7.1 milliún; réadaithe €7.8 milliún

Bhí fáltais €700,000 níos airde mar gheall ar éifeacht na méaduithe íocaíochta faoin gComhaontú Seirbhíse Poiblí dar teideal 'Ag Dul Ó Neart go Neart' agus mar thoradh ar chostais pá mhéadaithe a bhain le húsáid ragoibre chun freastal ar éilimh bhreise na Seirbhíse Leasa Pobail a d'eascair as an ngéarchéim costas maireachtála, tacú le clárúcháin SAFE, leithdháiltí UPSP agus Cártaí Seirbhíse Poiblí do dhaoine a bhí ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin.

7 Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa

Meastachán €620,000; réadaithe €nialas

Baineann an t-easnamh €620,000 le hairgead coinneála i ndáil le scéimeanna Liúntas Fiontraíochta chun Filleadh ar Obair (€250,000) agus JobsPlus (€370,000), ar airgead é a choinníonn AE siar go dtí go ndéanfar iniúchadh deiridh ar na scéimeanna sin. Táthar ag súil anois go ndéanfar na hiniúchtaí sin in 2024, agus go bhféadfaí airgead coinneála a íoc isteach sa Roinn níos déanaí in 2024 nó 2025.

8 Fáltais ón gCiste Náisiúnta Oiliúna

Meastachán €27.2 milliún; réadaithe €6.9 milliún

Bhí fáltais €20.3 milliún níos ísle mar gheall ar na nithe seo a leanas

- Bhí fáltais iarbhír d'oiliúint Fostaíochta Pobail (€3.68 milliún) €500,000 níos lú ná mar a measadh (€4.2 milliún). Is éard ba chúis leis sin ná go raibh níos lú rannpháirtithe ar Fhostaíocht Pobail mar thoradh ar théarnamh láidir sa mhargadh saothair tar éis Covid-19.
- Bhí fáltais iarbhír maidir le Deontais Tacaíochta Oiliúna (€2.35 milliún) €3.6 milliún níos lú ná mar a measadh (€6 mhilliún). Tharla sé sin mar gheall ar bheochlár níos ísle, rud a d'fhág go raibh níos lú cuardaitheoirí poist ag baint leas as Deontais Tacaíochta Oiliúna.
- Bhí na fáltais iarbhír maidir le hoiliúint rannpháirtithe an Chláir Socrúcháin Taithí Oibre (CTSO) (€820,000) €16.2 milliún níos lú ná mar a measadh (€17 milliún). Is éard ba chúis leis sin ná níos lú rannpháirtithe ar CTSO agus níos lú éilimh ar oiliúint.

10 Fáltais ó Chiste na gCuntas Díomhaoin

Meastachán €10 milliún; réadaithe €4 mhilliún

Bhí fáltais €6 mhilliún níos ísle ná mar a bhíodhas ag súil leis mar gheall ar na nithe seo a leanas:

- €5 mhilliún níos lú de bharr earráide sa mheastachán foilsithe a bhí cothrom le €10 milliún seachas €5 mhilliún.
- Bhí fáltais iarbhír (€1 mhilliún) €1 mhilliún níos lú ná mar a measadh (€2 mhilliún) maidir le haisíoc caiteachais ar bheart nua a bhain le cúramóirí teaghlaigh a bheith níos lú ná mar a bhíodhas ag súil leis mar gheall ar uainiú tosaithe na gclár nó easpa rannpháirtithe ar an scéim.

11 Cúnamh a aisghabháil ó éilimh árachais*Meastachán €2.1 milliún; réadaithe €3.1 milliún*

Bhí fáлтаis €1 mhilliún níos airde mar gheall ar mhoilleanna ar chásanna a éisteacht sa chúirt in 2021 agus go luath in 2022 a bheith réitithe in 2022 agus treoir nua a eisíodh chuig na cúirteanna in 2021, a raibh tionchar aici in 2022.

12 Fáлтаis ón gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí*Meastachán €4.8 milliún; réadaithe €3.3 milliún*

Bhí fáлтаis €1.5 milliún níos lú mar gheall ar chóras nua a bheith á chur i bhfeidhm ag Coimisiún AE chun aisíocaíochtaí a éileamh ó CSE+. Cuirfear éilimh ar aisíocaíochtaí gan íoc isteach in 2023 nuair a bheidh an córas nua i bhfeidhm.

13 Ilghnéitheach*Meastachán €1 mhilliún; réadaithe €11.9 milliún*

Úsáidtear an fo-mhírcheann seo chun fáлтаis a thaifeadadh nach raibh beartaithe nuair a tugadh na meastacháin chun críche, mar aon le fáлтаis bheaga freisin ar nós seiceanna cealaithe a thabhairt ar ais.

Bhí fáлтаis €10.9 milliún níos mó ná mar a bhíodhas ag súil leis go príomha mar gheall ar na nithe seo a leanas

- €4 mhilliún mar thoradh ar dheontas nár chaith an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh in 2021 a thabhairt ar ais don Stáitchiste mar fháltas in 2022.
- €6.7 milliún a bhain le hiarmhéideanna oibre gan íoc a forchúitíodh tar éis deireadh a chur le conarthaí a bhain le clabhsúr a chur ar an tSeirbhís Fostaíochta Áitiúla, Clubanna Post agus JobPath.
- Aisíocaíochtaí €700,000 ar ró-íocaíochtaí tuarastail a bhain le ró-íocaíochtaí a tharla roimh 2022.

Arna fhritháireamh ag

- €500,000 níos lú mar gheall ar thosca slánaithe agus fritháirimh mar gheall ar chineál an fho-mhírchinn, áit nach ndéantar gach gné den mheastachán a chainníochtú.

14 Ró-íocaíochtaí le haghaidh Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá Covid-19 a aisghabháil do bhlianta roimhe sin*Meastachán €5 mhilliún; réadaithe €30.2 milliún*

Bhí fáлтаis réadaithe €25.2 milliún níos mó ná mar a rinneadh soláthar dóibh sa mheastachán bunaidh.

San fho-mhírcheann seo, taifeadtar aisghabháil ró-íocaíochtaí ó fhostóirí ag na Coimisinéirí Ioncaim ar an Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (SFSP) a bhaineann le héilimh idir Márta agus Lúnasa 2020 nuair a bhí an scéim i bhfeidhm. Bhí meánfháltais iarbhir a réadaíodh in aghaidh na míosa (€2.5 milliún) €2.1 milliún níos airde ná mar a rinneadh soláthar dóibh sa mheastachán (€400,000). Rinne na Coimisinéirí Ioncaim sraith seiceálacha comhlíonta le fostóirí a bhain leas as an scéim. Mar thoradh air sin, b'éigean do 1,936 cinn, nó 2.8%, de na fostóirí rannpháirteacha sin fóirdheontais a aisíoc go páirteach nó go hiomlán. Bhí fáлтаis os cionn €2.5 milliún sa mhí ar an meán in 2022 ach bhí siad sa raon idir €400,000 agus €6.5 milliún sa mhí.

15 Aisghabháil ó Fhóirdheontas Pá Fostaíochta do bhlianta roimhe sin

Meastachán €10 milliún; réadaithe €67.8 milliún

Bhí fáлтаis €57.8 milliún níos mó ná mar a rinneadh soláthar sa mheastachán bunaidh.

San fho-mhírcheann seo, taifeadtar aisghabháil ró-íocaíochtaí a bhaineann leis an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPP) a bhailigh na Coimisinéirí loncaim ó fhostóirí maidir le héilimh a rinneadh in 2020 agus 2021. Rinne na Coimisinéirí loncaim sraith seiceálacha comhlíonta i measc fhostóirí chun a chinntiú gur coinníodh sláine na scéime ar bun. Nuair a scoireadh den scéim i mí Iúil 2022, d'iarr na Coimisinéirí loncaim ar thart ar 42,500 fhostóir nár chuir doiciméid incháilitheachta isteach roimhe sin agus a fuair íocaíochtaí fóirdheontais féin-athbhreithniú deiridh a dhéanamh chun measúnú a dhéanamh ar a n-incháilitheacht don scéim do gach tréimhse dá cur i bhfeidhm. Thug sé sin deis d'fhostóirí ró-éilimh a aithint roimh an 30 Meán Fómhair 2022 agus pionóis nó ús ar na híocaíochtaí a sheachaint.

4.2 Fáлтаis bhreise is iníoctha leis an Státchiste

	2022	2021
	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	1	1
Airgead coinsiasa	11	2
Costais finnétithe	—	1
Suim a aistríodh chuig an Státchiste	(12)	(3)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	—	1

4.3 Ró-íocaíochtaí cúnaimh leasa a aisghabháil

Tá an Láraonad Fiachais (LAF) freagrach as ró-íocaíochtaí custaiméirí aonair taifeadta agus aisghabháil fiachais a bhainistiú. ^a

Seo a leanas an seasamh achomair maidir le ró-íocaíochtaí cúnaimh leasa taifeadta agus fiachas arna mbainistiú ag LAF ag an 31 Nollaig 2022:

	2022		2021	
	Toradh		Toradh	
	€000	€000	€000	€000
Ró-íocaíochtaí a bhí amuigh ag an 1 Eanáir 2022		379,174		390,922 ^b
Glanmhéid na ró-íocaíochtaí a taifeadadh				
Calaois amhrasta	14,403		15,464	
Earráid custaiméara	36,775		33,652	
Earráid oifigiúil	983		1,058	
Cásanna eastáit	16,149		22,016	
		68,310		72,190
		447,484		463,112
Lúide:				
Fiachas a aisghabhadh ^c	(51,799)		(51,179)	
Coigeartú aisghabhálacha ^d	233		237	
		(51,566)		(50,942)
Fiachas na bliana roimhe sin a cuireadh ar ceal ^e		(5,373)		(5,118)
Fiachas a díscríobhadh mar fhiachas do-aisghabhála ^f		(7,637)		(27,878)
Ró-íocaíochtaí a bhí amuigh ag an 31 Nollaig 2022		382,908		379,174

Nótaí ^a Is é réimse na scéime faoi seach a riarann bainistíocht ró-íocaíochtaí agus aisghabhálacha fiachais a eascraíonn as caidreamh conarthach nó as comhaontuithe seirbhíse le heintitis chorparáideacha a sholáthraíonn grúpscéimeanna amhail Fostaíocht Phobail, agus níl siad luaite anseo. B'ionann an aisghabháil iomlán do na scéimeanna sin in 2022 agus €394,000 (2021: €660,000).

In 2022, riar na Coimisinéirí Ioncaim aisghabhálacha fiachais don Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (SFSP) agus don Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPF) nach dtuairiscítear anseo. Déantar aisghabhálacha €3.8 milliún le haghaidh ró-íocaíochtaí 2022 a ghlanadh as caiteachas SFSP agus scéim SFPF 2022 (2021: €79.9 milliún). Áirítear aisghabhálacha €98 milliún do ró-íocaíochtaí blianta roimhe sin i Leithreasaí-i-gcabhair, Nóta 4.1 (2021: €195 mhilliún).

^b Coigeartaíodh an t-iarmhéid tosaigh do 2021 chun an t-iarmhéid tuairiscithe a thabhairt i gcomhréir leis an liosta féichiúnaithe tosaigh ag an 1 Eanáir 2021.

- c Déantar anailís ar an tsuim fiachais a aisghabhadh in 2022 mar seo a leanas:
 - (a) €47.1 milliún a breacadh chuig ioncam i leith fhiachas na bliana roimhe sin
 - (b) €4.7 milliún a breacadh in aghaidh caiteachais i leith fhiachas na bliana reatha.
- d Baineann an coigeartú le haisghabhálacha taifeadta i mblianta roimhe sin a cuireadh ar ceal i rith na bliana.
- e Baineann fiachais na bliana roimhe sin a cuireadh ar ceal le ró-íocaíochtaí a bailíodh i mblianta roimhe sin. Féadfar fiachais nua ina dhiaidh sin a chruthú faoi chúinsí áirithe amhail cinneadh athbhreithnithe nó ar chríochnú an phróisis achomhairc.
- f Díscríobhadh fiachais arbh fhiú €7.6 milliún san iomlán iad le linn 2022. B'ionann €4.7 milliún agus díscríobh a rinneadh faoi pholasaí bliantúil na Roinne maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar fhiachais reatha chun a shuí cé acu atá nó nach bhfuil sé barainneach iad a shaothrú nó cé acu atá nó nach bhfuil siad do-aisghabhála. Rinneadh an chuid eile den díscríobh i ngnáthchúrsa gnó. Áirítear i bhfigiúr díscríofa fiachais 2022 228 gcustaiméir a raibh fiachais aonair os cionn €10,000 orthu, arbh fhiachais iad a díscríobhadh ar chostas iomlán €7.5 milliún (Vóta: €5.9 milliún; CÁS: €1.6 milliún).

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon fostaithe

Coibhéisí lánaimseartha ag deireadh na bliana	2022	2021
Roinn	6,628	6,435
Gníomhaireachtaí ^a	159	153
	6,787	6,588

Nóta ^a An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus an tÚdarás Pinsean.

5.2 Pá

	2022	2021
	€000	€000
Pá	323,198	307,723
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	1,011	1,096
Liúntais eile	1,670	1,587
Ragobair	6,130	3,080
ÁSPC an fhostóra	25,041	22,499
Pá iomlán	357,050	335,985

Luach saothair fhoireann na Roinne

Tagraíonn na socruithe luach saothair seo a leanas do ghnéithe pá d'fho-mhírchinn riaracháin (i), (viii) agus (ix).

	2022	2021
	€000	€000
Pá	313,032	297,989
Liúntas le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	895	1,015
Liúntais eile	1,670	1,587
Ragobair	6,130	3,078
ÁSPC an fhostóra	24,005	21,507
Pá iomlán	345,732	325,176

Luach saothair foirne Gníomhaireachta

	2022	2021
	€000	€000
Pá	10,166	9,734
Liúntas le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	116	81
Liúntais eile	—	—
Ragobair	—	2
ÁSPC an fhostóra	1,036	992
Pá iomlán	11,318	10,809

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteo irí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2022	2021
			€	€
Foireann na Roinne				
Liúntais le haghaidh ard- dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	348	15	22,755	26,456
Ragobair	2,261	134	44,559	18,534
Liúntais sealoibre agus uainchláir ^a	30	16	13,546	12,948
Ilghnéitheach ^a	337	10	88,200	59,158
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	308	90	40,831	28,129
Foireann ghníomhaireachta				
Liúntais le haghaidh ard- dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	15	2	18,658	17,488
Ragobair	—	—	—	1,228

Nóta ^a Ó 2022 i leith, déantar liúntais a aicmíodh roimhe seo mar liúntais 'eile' a aicmiú anois faoi liúntais sealoibre agus uainchláir agus ilghnéitheacha. Rinneadh athaicmiú ar fhigiúirí 2021 ar an mbonn céanna.

5.4 Foireann na Roinne de réir banda pá

Tá líon na bhfostaithe de chuid na Roinne a bhfuil a sochair fostaithe iomlána (lena n-áirítear bunphá, liúntais agus ragobair, gan ÁSPC an fhostóra agus costais phinsin an fhostóra a áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda €10,000 ó €60,000 aníos mar seo a leanas.

Banda pá (€)		Líon na bhfostaithe	
Ó	Go	2022	2021
20,000	59,999	5,303	5,385
60,000	69,999	743	564
70,000	79,999	186	154
80,000	89,999	130	104
90,000	99,999	63	43
100,000	109,999	44	25
110,000	119,999	15	10
120,000	129,999	3	2
130,000	139,999	1	2
140,000	149,999	1	2
150,000	159,999	1	7
160,000	169,999	4	1
170,000	179,999	3	1
180,000	189,999	1	—
190,000	199,999	—	—
200,000	209,999	—	1
210,000	219,999	1	—

Nóta Tagraíonn na socruithe luacha saothair thuas do ghnéithe pá d'fho-mhírcheann riaracháin (i). Tá suim €15.3 milliún eisiata ón tábla thuas.

5.5 Socruithe luach saothair eile

B'ionann costas na foirne a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn in 2022 agus €823,592 i leith 13 bhall foirne. Déanann an Roinn na costais sin a fhorchúiteamh ó na heagraíochtaí ábhartha.

5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

ag an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteo irí	2022 €000	2021 €000
Ró-íocaíochtaí	573	1,571	1,946
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	258	834	934

D'aistrigh sé dhuine dhéag a raibh pleananna aisghabhála dar luach €14,907 i bhfeidhm ina leith chuig Ranna eile i rith na bliana.

5.7 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Le linn 2022, rinneadh íocaíochtaí iomarcaíochta dar luach iomlán €13,256 le ceathrar ball foirne ar foirceannadh a bhfostaíocht. Níor íocadh aon scaoilíocaíochtaí ar bith.

5.8 Luach saothair agus sochair an Oifigh Cuntasaíochta

Bhí luach saothair agus sochair inchánach an Oifigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais mar a leanas:

	2022 €000	2021 €000
Bunphá	213	201

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse ar áireamh thuas. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina chomhalta den Scéim Aoisliúntais réamh-1995 do Státseirbhísigh Bhunaithe, agus ní théann na sochair scoir a tuilleadh thar théarmaí caighdeánacha na scéime sin.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta ^a

	2022 €000	2021 €000
Buan/ceannoscailte		
Comhairle	17	15
Chomhairleach an Mhargaidh Saothair		
An Coiste	4	4
Iniúcháireachta agus Riosca		
	21	19

Coimisiún cuspóra shocráithe	Bliain an cheapacháin	Caiteachas carnach go dtí deireadh 2022 €000	2022 €000	2021 €000
An Grúpa	2021	124	111	13
Athbhreithnithe um Chothabháil Leanaí				
An Coimisiún um Pinsin	2020	53	—	53
			111	66

Nóta ^a Cuireadh caiteachas ar choistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta sa bhliain roimhe ar áireamh i nóta 5 párolla agus liúntais.

6.2 Íocaíochtaí ex-gratia

Íocadh íocaíochtaí ex-gratia arbh fhiú €5.1 milliún iad le maoirseoirí Fostaíochta Pobail (FP) i leith 583 mhaoirseoir iar-FP agus maoirseoirí cúnta FP in 2022.

Íocadh íocaíochtaí ex-gratia arbh fhiú €3.44 milliún iad (€3.539 milliún in 2021) le daoine a tháinig slán as neachtlanna Mhaigdléana agus institiúidí eile in 2022.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia le 56 bhainisteoir brainse in 2022. €1.425 milliún an costas a bhí don Roinn. Is éard ba chúis leis sin ná tionchar ghéarchéim na hÚcráine agus méaduithe ar an gcostas maireachtála.

6.3 Cúiteamh agus costais dlí

Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Roinn sa bhliain

	Éilimh ag					Iomlán 2022	Iomlán 2021
	fostaithe		daoine den phobal				
	Díobhálacha pearsanta ^a	Sárú ar pholasaithe AD/ fostaíochta	Díobhálacha pearsanta ^b	Scéimeanna na Roinne	Eile ^c		
Líon na gcásanna	16	1	3	1	11	32	51
	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Costais dlí na Roinne féin	238	—	1	—	—	239	365
Íocaíochtaí a rinne an Roinn/a rinneadh thar a ceann							
Cúiteamh	253	10	14	—	—	277	319
Costais dlí	203	—	—	96	563	862	547
Costais eile	12	—	1	—	3	16	7
Iomlán 2022	706	10	16	96	566	1,394	1,238
Iomlán 2021	636	89	66	196	251	1,238	

Nótaí ^a Cásanna iomlána 16. Bhí na suimeanna a íocadh i leith daoine aonair sa raon idir €10 agus €132,049.

^b Cásanna iomlána 3. Bhí na suimeanna a íocadh i leith daoine aonair sa raon idir €397 agus €15,350.

^c Cásanna iomlána 11. Bhí na costais iomlána aonair sa raon idir €2,500 agus €239,594. Baineann deich gcás le costais dlí do pháirtithe eile. Baineann an costas eile le seirbhísí a soláthraíodh don Roinn.

Costais charnacha na gcásanna a cuireadh i gcrích in 2022

	Éilimh ag					Iomlán
	fostaithe		daoine den phobal			
	Díobhála cha pearsant a	Sárú ar pholasaithe AD/ fostaíochta	Díobhála cha pearsant a	Scéimeanna na Roinne	Eile	
Líon na gcásanna	10	1	1	1	11	24
	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Costais dlí na Roinne féin	276	—	78	—	—	354
Íocaíochtaí a rinne an Roinn/a rinneadh thar a ceann						
Cúiteamh	448	10	—	—	—	458
Costais dlí	264	—	—	96	563	923
Costais eile	20	—	9	—	3	32
Iomlán 2022	1,008	10	87	96	566	1,767

6.4 Maoiniú ón Aontas Eorpach

Áirítear leis an toradh atá léirithe i bhfo-mhírchinn A.1 go A.44 íocaíochtaí i ndáil le gníomhaíochtaí atá á gcómhaoiniú ag AE. Tá meastacháin agus fáiltais iarbhrí taifeadta i nóta 4.1, fo-mhírchinn 7, 12 agus 13.

Tuairisc ar an bhfo-mhírchinn:

		2022	2021
	Meastachán	Réadaith e	Réadaith e
	€000	€000	€000
Ciste Sóisialta na hEorpa, an Clár um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim/Seirbhísí Eorpacha Fostaíochta	—	—	5,000
An Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí	3,300	3,307	3,928
An Clár Fostaíochta agus Nuálaíochta Sóisialta (EaSI)	—	—	374

Ciste Sóisialta na hEorpa+ (CSE+), clár um Fhostaíocht, Cuimsiú, Scileanna agus Oiliúint (FCSO)

Is é FCSO clár CSE+ na hÉireann don tréimhse 2021 go 2027. D'fhaomh an Coimisiún Eorpach go foirmiúil é i mí Dheireadh Fómhair 2022 agus d'fhaomh Rialtas na hÉireann é i mí na Samhna 2022. Is éard atá i gceist leis an gClár ná infheistíocht iomlán de níos mó ná €1.08 billiún; €508 milliún ón Aontas Eorpach agus €573 mhilliún ó Rialtas na hÉireann. Tá dhá ráta cómhaoinithe éagsúla ag an gclár. Mar réigiúin 'níos forbartha', gheobhaidh réigiúin an Deiscirt agus an Oirthir agus Lár Tíre 40% i gcómhaoiniú AE agus, mar réigiúin 'trasdula', gheobhaidh réigiúin an Iarthuaiscirt 60% i gcómhaoiniú AE. Tá sciar na Roinne laistigh den leithdháileadh náisiúnta €508 milliún thart ar €60 milliún, agus tá €5 mhilliún, €10 milliún agus €15 mhilliún á leithdháileadh faoi seach ar JobsPlus, LFFO agus ar na scéimeanna nua Míchumais (a thosófar in 2024). Baineann an leithdháileadh cothromúcháin €30 milliún leis an gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (FEAD) le linn na tréimhse 2021 go 2027.

An Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí

Tháinig deireadh leis an gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (FEAD) in Éirinn an 31 Eanáir 2022, agus is ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) a mhaoinítear tacaíocht do na daoine is díothaí anois. Is é €34 mhilliún luach iomlán an mhaoinithe EFT+ atá leithdháilte chun tacú leis na daoine is díothaí go dtí 2027. Cuirtear aisíocaíocht ón gCoimisiún Eorpach ar fáil ag 90% agus tagann an 10% eile ón Státchiste.

An Clár Fostaíochta agus Nuálaíochta Sóisialta

Is ionstraim mhaoinithe ar leibhéal AE é an clár Fostaíochta agus Nuálaíochta Sóisialta (EaSI) chun ardleibhéal fostaíochta ardchaighdeán agus inbhuanaithe a chur chun cinn, chun coimirce shóisialach leordhóthanach agus réasúnach a ráthú, chun eisiámh sóisialta agus bochtaineacht a chomhrac agus chun dálaí oibre a fheabhsú. In 2022, chuir Éire, mar phríomh-chomhpháirtí i gcomhar le One Family (in Éirinn), an Fhionlainn agus an Ghréig togra tionscadail atá dírithe ar thuismitheoirí aonair isteach faoi ghlaio maoinithe dar teideal 'Idirghabhálacha comhtháite a bhunú agus a thástáil atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt do dhaoine sna cora is leochailí' arna mhaoiniú ag EaSI 2014-2020 (VP/2020/003). D'éirigh leis an tairiscint don tionscadal dar teideal "Tuismitheoirí Aonair Gníomhachaithe Digiteach" agus síníodh an comhaontú i mí na Samhna 2021. Is é €1,245,926.97 (80% de bhuiséad foriomlán an tionscadail) an t-uasmhéid deontais AE don tionscadal agus clúdaíonn sé sin tréimhse cur chun feidhme tionscadail 30 mí ó mhí na Samhna 2021 go mí Aibreáin 2024. Tá RCS ag soláthar €105,000 mar chómhaoiniú, le suimeanna cómhaoinithe den chineál céanna ón bhFionlainn agus ón nGréig. Fuarthas an tráinse tosaigh maoinithe (€373,778) ó EaSI i mí na Nollag 2021 agus clúdaíonn sé sin an chéad 12 mhí den tionscadal. Caitheadh €350,876.37 le linn 2022. Leanfaidh tuilleadh tráinsí ag na pointí 12 mhí, 24 mhí agus 30 mí (íocaíocht cothromúcháin deiridh).

6.5 Ús ar íocaíochtaí déanacha

	2022 €000	2021 €000
Íocaíochtaí úis	4	8

6.6 Géilleadh iarchurtha

Cuimsíonn géilleadh iarchurtha coigilt €1.39 milliún i gcaiteachas caipitil sna fo-mhírchinn seo a leanas in 2022 a tugadh anonn go 2023.

	€000
Tuairisc ar an bhfo-mhírchéann riaracháin:	
(v) Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF	390
(vi) Costais áitribh oifige	1,000
	1,390

Aguisín A Achoimre ar Chaiteachas Scéime Coimirce Sóisialaí

	2022 €milliún	2021 €milliún
Vóta 37		
Ollchaiteachas	12,817	18,152
Lúide caiteachas neamhscéime		
Riarachán	(596)	(545)
Fóirdheontas CÁS	-	(2,606)
Deontas don Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh	(56)	(59)
Seirbhísí ilghnéitheacha	(6)	(6)
Caiteachas scéime Vóta 37 (A)	12,159	14,936
An Ciste Árachais Shóisialaigh		
Ollchaiteachas	12,927	15,668
Lúide caiteachas neamhscéime		
Riarachán	(264)	(244)
Tobhach Náisiúnta Oiliúna	(951)	(797)
Caiteachas scéime an Chiste Árachais Shóisialaigh (B)	11,712	14,627
Caiteachas iomlán scéime na Roinne (A+B)	23,871	29,563
<i>Dá raibh</i>		
<i>Scéimeanna príomhshrutha</i>	22,646	20,851
<i>Scéimeanna Covid-19</i>	1,225	8,712
Caiteachas iomlán scéime na Roinne	23,871	29,563

Miondealú ar chaiteachas scéime

Íocaíochtaí de réir scéime agus catagóire	2022 €milliún	2021 €milliún
Pinsin		
Pinsin Stáit (Ranníocach)	6,565	6,186
Pinsin Stáit (Neamh-Ranníocach)	1,137	1,083
Pinsean Baintrí/Baintreach Fir/Páirtnéara	1,725	1,651
Shibhialta Mharthanaigh		
Deontas Méala	—	—
Iomlán	9,427	8,920
Aois Oibre – Tacaí Ioncaim		
Liúntas Cuardaitheora Poist	1,641	1,567
Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora	614	561
Sochar Cuardaitheora Poist	486	336
Sochar Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta	21	25
Sochar Máithreachais	263	267
Sochar Atharthachta, Sochar Tuismitheoirí agus Sochar Uchtaíoch	79	50
Liúntas Bunúsach Leasa Forlíontach	121	95
Cúnamh Feirme	56	59
Sochar Banchéile Thréigthe	64	64
Aois Oibre Eile – Tacaí Ioncaim	23	15
Íocaíochtaí ar Riachtanais Eisceachtúla agus Phráinneacha	58	43
Sochair Chóireála agus Sochar Sláinte agus Sábháilteachta	129	116
Pinsean Baintrí/Baintreach Fir/Páirtnéara	12	13
Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-Ranníocach)		
Liúntas Banchéile Thréigthe	1	1
Íocaíocht Dífhostaíochta Phaindéim Covid-19	198	4,019
Iomlán	3,766	7,231
Íocaíochtaí Forlíontacha		
Liúntas Cíosa	1	—
An Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is mó Díothaí (FEAD)	5	6
Íocaíochtaí i leith Neachtlananna Maighdilíneacha agus Institiúidí eile	3	4
Forlíonadh Cíosa	75	123
Pacáiste Sochar Teaghlaigh	282	274
Liúntas Tacaíochta Teileafóin	18	18
Liúntas Breosla	576	316
Saorthaisteal	89	91
Iomlán	1,049	832

	2022 €milliún	2021 €milliún
Aois Oibre – Tacaí Fostaíochta		
Clár Fostaíochta Pobail	329	320
Liúntas chun Filleadh ar Oideachas	40	54
Liúntas Fiontraíochta chun Filleadh ar Obair	32	29
TÚS – Scéim Socrúcháin Oibre Pobail	90	79
JobsPlus	4	3
Aois Oibre Eile – Tacaí Fostaíochta	11	13
Scéim Tacaíochta Fostaíochta don Aos Óg/Socrúchán Oibre	—	1
Scéim Shóisialta Tuaithe	49	50
Tionscnamh Post	12	13
Scéim Fostaíochta Áitiúla	15	19
Club Post	2	4
Clár Socrúcháin Taithí Oibre	2	—
Sochar Cumais Pháirtigh	26	25
Scéimeanna Seirbhísí Fostaíochta Poiblí (SPF) ar Conradh	13	—
Fóirdheontas Pá Covid-19	1	16
Scéim Fóirdheontas Pá Fostaíochta	839	4,571
Iomlán	1,465	5,197
Breiteacht, Míchumas agus Cúramóirí		
Liúntas Míchumais	2,016	1,829
Sochar Breiteachta	801	677
Pinsean Easláine	766	730
Íocaíocht Cúramóra	1,042	978
Deontas Tacaíochta Cúramóra	328	257
Liúntas Cúram Baile	224	202
Scéim Fóirdheontas Pá	20	16
Sochar Míthreorach	70	70
Pinsean na nDall	13	12
Sochar Báis	11	10
Sochar Díobhála agus Cúram Leighis	9	11
Tacaí Gníomhachtaithe Míchumais	9	10
Iomlán	5,309	4,802
Leanaí		
Sochar Linbh	2,286	2,090
Íocaíocht Teaghlaigh Oibre	361	338
Díbhinn Teaghlaigh chun Filleadh ar Obair	11	10
Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua	86	52
Béilí Scoile	78	58
Íocaíochtaí a Bhaineann le Leanaí	33	33
Iomlán	2,855	2,581
Glanchaiteachas ar na scéimeanna go léir	23,871	29,563

Aguisín B Cuntais comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce na Roinne Coimirce Sóisialaí

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí agus na cistí atá faoi choimirce na Roinne agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, ar dháta sínithe an chuntais, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

Comhlacht/ciste Roinne	An tréimhse chuntasaíocht a dheireanach	Dáta na tuarascála iniúchóireachta	An dáta a fuair an tAire/an Roinn í	An dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í
An Ciste Árachais Shóisialaigh	2021	28 MF 2022	28 MF 2022	28 DF 2022
An tÚdarás Pinsean	2022	20 Meith 2023	21 Meith 2023	—
An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh	2021	30 MF 2022	6 DF 2022	14 Samh 2022